# OLLSCOIL NA hÉIREANN

# RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

# DON BHLIAIN DAR CRÍOCH

# 31 NOLLAIG 2024

Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**
**RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2024**

| **CLÁR ÁBHAR** | **LEATHANACH** |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Rialachas agus Rialú Inmheánach | 1 - 10 |
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí an tSeanaid | 11 |
| Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha | 12– 14 |
| Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 15 – 16 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 17 - 18 |
| Ráiteas ar Staid Airgeadais | 19 |
| Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí | 20 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 21 |
| Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 22 - 39 |

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**
**RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH**
**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2024**

Is é an misean atá ag Ollscoil na hÉireann ("OÉ"; an "Ollscoil") tacú le hearnáil ardoideachais na hÉireann sa bhaile agus thar lear, trí fhreastal ar leasa na mball-institiúidí, a mic léinn agus céimithe.

Déanann OÉ gradam agus scoláireacht acadúil ar leibhéal na hollscoile a chur chun cinn, a aithint agus a chúiteamh go gníomhach, agus dearbhaímid caighdeáin arda acadúla inchomparáide do chéimeanna agus cáilíochtaí a bhronnann OÉ. Tugaimid go bródúil faoi ghníomhaíochtaí chun an t-ardoideachas a chur chun cinn, agus chun cur le saol sibhialta, cultúrtha agus intleachtúil na hÉireann. Tá tiomantas ar leith againn do thacú leis an nGaeilge agus le cultúr saibhir agus ilchineálach ár náisiúin.

In OÉ tá ceithre Chomh-Ollscoil, dhá Choláiste Aitheanta agus cúig Choláiste de Chomh-Ollscoil. Ag gach institiúid laistigh de chónaidhm OÉ tá a hÚdarás Ceannais féin. Is é Údarás Ceannais foriomlán na hOllscoile Seanad OÉ agus an Seansailéir i gceannas.

Le hAcht na nOllscoileanna, 1997, i bhfeidhm an 16 Meitheamh 1997, rinneadh sainmhíniú as an nua ar nádúr agus ról OÉ. Rinneadh athbhunú ar an Seanad, atá ina Údarás Ceannais ar an Ollscoil, le tríocha comhalta (38) comhalta.

- An Seansailéir
- Príomhoifigigh na gComh-Ollscoileanna
- Cláraitheoir na hOllscoile
- Ceathrar Comhaltaí ainmnithe ag an Rialtas, beirt fhear agus beirt bhan
- Ceathrar Comhaltaí tofa ag gach ceann de na Comh-Ollscoileanna, COBÁC, COC, OMN agus Ollscoil na Gaillimhe
- Ochtar Comhaltaí tofa le Comhghairm, ceathrar fear agus ceathrar ban
- Ceathrar Comhaltaí comhthofa

Is é an Seanad Údarás Ceannais OÉ, mar a shainítear le hAlt 47 d'Acht na nOllscoileanna 1997. Tháinig an Seanad le chéile ceithre huaire in 2024.

Admhaíonn Seanad Ollscoil na hÉireann (OÉ) go bhfuil sé freagrach as, agus tá sé sásta chomh fada agus is eol dó go bhfuil an Ollscoil ag comhlíonadh na ndualgas reachtúla uilig a bhaineann leis an Ollscoil. Féadfar iad seo a bheith leagtha síos sa reachtaíocht a rialaíonn bunú na hOllscoile nó in aon reachtaíocht ábhartha eile.

Comhlíontar polasaithe an rialtais maidir le (a) pá, (b) taisteal, (c) luach ar airgead, (d) díol sócmhainní agus (e) soláthar. Tá an Ollscoil comhlíontach go hiomlán le dlithe cánach. Tá na costais a íoctar le comhaltaí an tSeanaid ag teacht leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (níl táillí iníoctha le comhaltaí an tSeanaid). Leagtar amach sonraí ar na speansais chomhiomlánaithe ar leathanach 7 de Ráitis Airgeadais.

Tá na gnásanna cuí uile do thuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach agus díol sócmhainní á gcur i bhfeidhm.

Léirítear leis na ráitis airgeadais bhliantúla aon eachtraí ábhartha i ndiaidh an chláir chomhardaithe, faoi réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblach na hÉireann' agus dlí na hÉireann. Leagtar amach sna ráitis airgeadais freisin aon fhorbairtí atá suntasach ó thaobh airgeadais de a théann i gcion ar an Ollscoil i rith na bliana nó na cinn sin is dócha a tharlóidh sa ghearrthéarma go meántéarma.

Cuirtear rialachas i bhfeidhm i gcomhréir le Cód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann 2019, atá forbartha ag Cumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA) thar ceann a mball-institiúid i gcomhar leis an Údarás um Ard-Oideachas. Tá Anailís ar Bhearnaí déanta ag an ollscoil, a d''fhaomhaigh an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Airgeadais agus an Seanad, le measúnú a dhéanamh ar infheidhmitheacht Chód 2019 chuig eagraíocht de mhéid agus scála Ollscoil na hÉireann. San áit ina bhfuil feidhm leis an gCód, tá OÉ á chomhlíonadh i gcoitinne. Tabharfar aghaidh ar aon chúrsaí atá le réiteach in am agus i dtráth.

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**
**RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH**
**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2024**

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021

Tá an comhionannas ina thosaíocht bhunaithe a théann trí gach ghné d'Ollscoil na hÉireann. Tá meas ag an eagraíocht ar ilchineálacht agus déanann sé iarracht a bheith ina fhostóir comhionannais ina bhfuil luach ar chion aonair agus ina bhfuil meas ar éagsúlachtaí. Chuige seo, tá OÉ do chinntiú nach gcaitear le ball foirne ar bith ar bhealach nach bhfuil chomh fábhartha le haon duine eile ar fhorais inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiúin, aoise, míchumais, cine, ballraíocht den Lucht Siúil nó ar aon fhorais nach mbaineann le dea-chleachtas fostaíochta. Baineann sé seo le hearcaíocht, coinníollacha oibre agus deiseanna forbartha.

## An tAcht Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa ag an Obair 2015

Leanann Ollscoil na hÉireann de bhearta chuí agus oilte a dhéanamh le sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe agus na gcuairteoirí go léir laistigh dá hoifigí a chosaint chun forálacha an Achta seo a shásamh. Leathnaítear é seo chuig na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

## An tAcht um Eitic san Oifig Phoiblí 1995 agus An tAcht um Chaighdeáin san Oifig Phoiblí 2001

De réir na nAchtanna thuas, tá nósanna imeachta glactha agus curtha chun cinn ag Ollscoil na hÉireann i gcomhréir le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Baineann siad sin le nochtadh leasa ag Comhaltaí Seanaid agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbheart sa bhliain ina raibh aon leas tairbheach ag Comhaltaí Seanaid.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

I gcomhréir leis an gceanglas dlí san Acht um Nochtadh Cosanta 2022, rinne Ollscoil na hÉireann nósanna imeachta a bhunú agus a choinneáil ar bun chun nochtadh cosanta a dhéanamh. Féadfar na nochtaí seo a dhéanamh le Cláraitheoir OÉ. Níor rinneadh aon nochtadh cosanta le OÉ in 2024.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tá Ollscoil na hÉireann tiomanta go poiblí do chloí lena ceanglas faoin tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012.
Tá an bhainistíocht sásta gur chloígh OÉ leis na forálacha seo ar gach bealach ábhartha. Níor íoc OÉ aon phionós úis i leith íocaíochtaí déanacha in 2024.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tá Ollscoil na hÉireann dá ceanglas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a shásamh. Foilsítear Ráitis Airgeadais Bhliantúla OÉ sa dá theanga oifigiúla.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Baineann forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise le hOllscoil na hÉireann. Leis an Acht seo tugtar ceart dlíthiúil do dhaoine iarratas a dhéanamh agus rochtain a fháil, b'fhéidir, ar fhaisnéis a choinníonn comhlachtaí poiblí, an fhaisnéis atá coinnithe ina leith a fháil leasaithe má tá sé neamhiomlán, mícheart nó míthreorach agus cúiseanna a fháil as cinntí a théann i gcion orthu féin. Le linn 2024 fuair OÉ dhá iarratas ar fhaisnéis. Níor cuireadh aon iarratas ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

**Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024**

Faoin Acht, is í Ollscoil Náisiúnta na hÉireann an tÚdarás Clárúcháin Lárnach (CRA) ainmnithe do thoghcheantar nua Ardoideachais Sheanad Éireann. D'fhoilsigh an Ollscoil an chéad chlár ar an 1 Aibreán 2025.

**Cosaint Sonraí**

Is rialaitheoir sonraí agus próiseálaí sonraí é Ollscoil na hÉireann mar a shainítear ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Foráiltear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) go bhfuil an ceart ag gach duine do chosaint na sonraí pearsanta ina leith. Ní mór sonraí dá leithéid a phróiseáil go cothrom do chúiseanna sonraithe amháin agus ar bhonn ceann de na cúiseanna dlisteanacha a leagtar síos sa dlí, lena n-áirítear cead an duine lena mbaineann.

Tá an ceart ag gach duine rochtain a fháil ar shonraí atá bailithe ina leith, agus an ceart aon earráidí a bheith ceartaithe. Tá OÉ tiomanta do chinntiú go ndéanfar próiseáil dhlíthiúil, chóir agus thrédhearcach ar shonraí pearsanta daoine is ábhar sonraí. Déanfaidh OÉ gach gníomh réasúnta le sonraí pearsanta daoine is ábhar sonraí a dhaingniú agus a chosaint agus cloí leis an dlí maidir le Cosaint Sonraí.

**Tábla an tSeanaid** lena n-áirítear coistí **Airgeadais** agus **ARC** agus cruinnithe ar freastalaíodh orthu, má bhaineann.

**Freastal ar Chruinnithe den Seanad, Coiste Airgeadais agus Coiste Rialachais 2024**

An Seanad agus an Coiste Airgeadais

Beidh an Seanad reatha ag fónamh go dtí an 30 Samhain 2027. Tionóladh an chéad chruinniú den Seanad reatha i mí na Samhna 2022. Bhí 4 chruinniú ann in 2024. D'éirigh an Dr Maurice Manning as a phost mar Sheansailéir i mí Eanáir 2024 agus de réir Reachtanna na hOllscoile, tionóladh toghchán dá chomharba. Toghadh an tOllamh Michael Murphy mar Sheansailéir nua i mí Dheireadh Fómhair 2024

| AINM | SEANAD<br>4 chruinniú | COISTE AIRGEADAIS<br>3 chruinniú |
|---|---|---|
| Manning, An Dr Maurice Seansailéir[1] | 1/1 | 1/1 |
| Murphy, An tOllamh Michael Seansailéir[2] | 1/1 | 1/1 |
| Feely, An tOllamh Orla Leas-Leas-Seansailéir | 4/4 | 2/3 |
| O'Halloran, An tOllamh John Leas-Seansailéir | 3/4 | 3/3 |
| Ó hÓgartaigh, An tOllamh Ciarán Leas-Leas-Seansailéir[3] | 2/2 | 2/2 |
| Leinonen, An tOllamh Eeva Leas-Leas-Seansailéir | 3/4 | 3/3 |
| McHugh, An tOllamh Peter Leas-Leas-Seansailéir[4] | 2/3 | 1/1 |
| O'Leary, An Dr Patrick | 4/4 | 3/3 |
| Acton, An tOllamh Thomas | 3/4 | 2/3 |
| Ahern, An tOllamh Aoife | 3/4 | |
| Brophy, Helen[5], Uas. | 2/4 | |
| Browne, Edel, Uas. | 4/4 | |
| Byrne, An tOllamh Stephen | 4/4 | 2/2 |
| Carlin, Mary Anne, Uas. | 4/4 | |
| Casey, Dr Ruth | 4/4 | |

[1] A d'éirigh as, Eanáir 2024
[2] A toghadh, Deireadh Fómhair 2024
[3] A d'éirigh as, Meitheamh 2024
[4] A comhthoghadh ar an Seanad, Bealtaine 2024; a ceapadh ina Leas-Leas-Seansailéir, Meitheamh 2024
[5] A fhreastalaíonn ar an Seanad mar Ard-Stiúrthóir ar an bhForas Riaracháin

| | | |
|---|---|---|
| Clancy, An tOllamh Pat[6] | 1/1 | |
| Conrick, An tOllamh Maeve | 3/4 | |
| Cosgrove, Liam[7], Uas. | 2/2 | |
| Crowley, An Dr John | 3/4 | |
| De Bhaldraithe Marsh, Clíona, Uas. | 4/4 | 2/3 |
| Doorley, James G., Uas. | 3/4 | 3/3 |
| Doyle Prestwich, An Dr Barbara[8] | 3/4 | 1/1 |
| Dunnion, An tOllamh John | 3/4 | |
| Farrell, An tOllamh Ronan[9] | 1/1 | 1/1 |
| Fitzgerald, An Dr Kelly | 3/4 | |
| Fitzgibbons, John, Uas. | 2/4 | |
| Gaynor, An Dr Tony | 3/4 | |
| Griffin, An tOllamh Christine | 4/4 | |
| Guiry, An tOllamh Pat | 4/4 | |
| Hilliard, An Dr Rachel | 3/4 | |
| Hurley, John[10], Uas. | 1/1 | |
| Kelly, An tOllamh Cathal[11] | 3/4 | |
| Kerins, An tOllamh David | 3/4 | |
| Mannix Boyle, An Dr Valerie | 3/4 | |
| McCarthy, An Dr Marian | 4/4 | |
| Molcho, An tOllamh Michal | 2/4 | |
| Mulkeen, An tOllamh Aiden[12] | 3/3 | 2/2 |
| O'Connor, An tOllamh Thomas | 3/4 | |
| Ó Dochartaigh, An tOllamh Pól[13] | 1/1 | 1/1 |
| O'Donovan, John P.J., Uas. | 4/4 | |
| O'Reilly, An Dr Niamh | 4/4 | |
| O'Shea Farren, Linda M.P., Uas. | 4/4 | |
| Scott, An tOllamh Colin[14] | 4/4 | 1/1 |
| Sherlock, Jason[15], Uas. | 2/2 | |
| Smyth, Michael, Uas. | 4/4 | |
| Whay, An tOllamh Becky[16] | 1/1 | 1/1 |

**Coiste Iniúchta agus Riosca**

| AINM | COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA (4 chruinniú sa bhliain) |
|---|---|
| Doorley, an tUas James J. (Cathaoirleach) | 4/4 |
| Egan, an tUas Kevin | 4/4 |
| Spillane, an Dr Helen[17] | 3/3 |
| Casey, an Dr Ruth | 3/4 |
| Gaynor, an Dr Tony | 4/4 |

[6] Ar tháinig deireadh lena théarma, Eanáir 2024
[7] A ceapadh, Lúnasa 2024
[8] A athcheapadh, Lúnasa 2024
[9] A comhthoghadh, Samhain 2024
[10] Ar tháinig deireadh lena théarma, Eanáir 2024
[11] A fhreatalaíonn ar an Seanad mar Chláraitheoir RCSI
[12] A d'éirigh as, Samhain 2024
[13] A d'éirigh as, Eanáir 2024
[14] A comhthoghadh, Eanáir 2024
[15] A ceapadh, Eanáir 2024
[16] A comhthoghadh Samhain 2024
[17] A d'éirigh as, Meán Fómhair 2024

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**
**RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH**
**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2024**

***Córas do Rialú Inmheánach***

Admhaíonn an Seanad go bhfuil sé freagrach as córas na hOllscoile do rialú inmheánach, a thacaíonn le baint amach pholasaithe, aidhmeanna agus cuspóirí OÉ, agus cistí agus sócmhainní a bhfuil an Seanad freagrach as á gcaomhnú. Clúdaíonn sé seo gach rialú ábhartha lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais um bhainistiú riosca.

Ní féidir leis an córas do rialú inmheánach ach cinnteacht réasúnta amháin, seachas cinnteacht iomlán, go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, bearta airgeadais á gceadú agus taifid chuí á gcoimeád ina dtaobh, agus go seachnaítear earráidí nó mírialtacht ábharach nó go dtabharfaí faoi deara go tráthúil iad.

Tá cnuasach de fhreagrachtaí bainistíochta sainithe go soiléir curtha ar bun ag an Seanad le soláthar do rialuithe agus seiceálacha lena n-áirítear idirdhealú ar dhualgais agus scéim fhoirmiúil de tharmligean atá ag teacht leis an líon beag foirne atá ag an Ollscoil. Tá Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe atá comhdhéanta go foirmiúil, le téarmaí tagartha sainithe a chuireann in iúl go soiléir a údarás agus a dhualgais (féach thíos). Tá feidhm ghairmiúil iniúchta inmheánaigh sheachfhoinsithe ar bun, le gaol tuairiscithe don Choiste Iniúchta agus Riosca.

Tá Clár Riosca i bhfeidhm a éascaíonn athbhreithniú rialta ar chúrsaí riosca ag an mbainistíocht i dteannta leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca thar ceann an tSeanaid (féach thíos).

Sa chlár riosca atá ar bun sainaithnítear na príomhrioscaí do bhaint amach cuspóirí ag Ollscoil na hÉireann agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir suntais. Déanann an bhainistíocht athbhreithniú agus nusahonrú ar an gclár ar bhonn rialta agus is buanmhír é freisin ar chlár oibre chruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe seo chun déileálacha agus maoluithe cuí a chinneadh chun rioscaí a bhainistiú i gcomhréir leis an inghlacthacht riosca atá luaite. Déantar an fhreagracht as rioscaí sonracha a bhainistiú a shannadh go soiléir do bhaill foirne ar leith.

Tá bearta déanta ag an Seanad lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí ar bun trí:

- Sainmhíniú soiléir agus doiciméadú a dhéanamh ar fhreagrachtaí agus leibhéil údaráis na bainistíochta.
- A chinntiú go bhfuil línte soiléire cuntasachta ann don bhainistíocht.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna éagsúla coiste le monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint.
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí.
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt ar fud na heagraíochta.
- An Cód Rialachais d'Ollscoileanna 2019 a ghlacadh, más ábhartha. Tá anailís ar bhearnaí curtha i gcrích.
- Athbhreithniú ar éifeachtacht an tSeanaid.
- A chinntiú go n-áirítear sa timpeallacht rialaithe Coiste Airgeadais agus Iniúchta agus Riosca gníomhach, feidhm iniúchta inmheánaigh agus tuairisciú rialta don Seanad maidir le cúrsaí airgeadais.

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**
**RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH**
**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2024**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat d'fhaisnéis rialta bainistíochta, polasaithe agus nósanna imeachta lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas de tharscaoileadh agus cuntasacht. Go háirithe, tá na córais monatóireachta seo a leanas ar bun:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a dhéantar a athbhreithniú agus a aontú ag an Seanad. Áirítear leis sin próiseas phleanála gnó mionsonraithe. Tá córas faisnéise bainistíochta airgeadais atá in oiriúint don chúis ar bun.
- Athbhreithnithe rialta ag an ardbhainistíocht ar thuairiscí airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad.

Mar a luadh cheana, tá dhá mhór fhochoiste ag cuidiú leis an Seanad maidir leis an gcóras do rialú inmheánach (agus an ról rialaithe i gcoitinne): an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchta agus Riosca.

Fochoiste den Seanad is ea an **Coiste Airgeadais** atá bunaithe ag Reachtaíocht OÉ. Cuireann an Coiste comhairle ar an Seanad maidir leis na nithe airgeadais uile a bhaineann leis an Ollscoil. Buaileann an Coiste le chéile roimh gach cruinniú Seanaid. Sa bhliain 2024, tionóladh cruinniú speisialta breise den Seanad chun plé a dhéanamh ar OÉ mar an tÚdarás Clárúcháin Lárnach do thoghcheantar nua Ollscoile Sheanad Éireann, níor tionóladh aon chruinniú den Choiste Airgeadais roimhe seo agus dá bhrí sin, tionóladh trí chruinniú den Choiste sa bhliain 2024. Stiúrann an Coiste an próiseas buiséadaithe bliantúil agus, nuair atá an buiséad ceadaithe ag an Seanad, déantar monatóireacht agus anailís athraithis leanúnach air. Stiúrann an Coiste freisin cúrsaí comhlíonta lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le dlí cánach agus le polasaithe na hearnála poiblí ar chostais taistil agus ar cheisteanna a bhaineann le luach ar airgead i gcoitinne. Liostaítear baill an Choiste sa tábla thuas.

I measc na mór-nithe sainiúla a rinneadh machnamh orthu le linn na bliana bhí:
(a) Na Ráitis Airgeadais do 2023 agus Buiséad Ioncaim agus Caiteachais do 2024 a cheadú.
(b) Athbhreithniú agus faomhadh ar thuairiscí ón gCoiste Comhairligh Infheistíochta maidir le bainistiú ar phunainn Infheistíochta na hOllscoile.

Bunaíodh an **Coiste Iniúchta agus Riosca** in 2010 agus athbhunaíodh é go foirmiúil ag reachtaíocht OÉ in 2011, le gaol tuairiscithe díreach leis an Seanad. Stiúrann an Coiste feidhm an iniúchta inmheánaigh agus déanann sé machnamh ar a chuid tuairiscí rialta. Tá osradharc aige freisin ar fhorfheidhmiú an Pholasaí um Bhainistiú Riosca agus buaileann sé go rialta le Príomh-Oifigeach Riosca na hOllscoile. Bíonn caidreamh ag an gCoiste le hiniúchóirí seachtracha na hOllscoile agus buaileann sé ar bhonn bliantúil le foireann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Eisíonn an Coiste tuairisc chuig an Seanad i ndiaidh gach ceann dá chruinnithe, agus tuairisc bhliantúil chuig cruinniú an tSeanaid i mí Eanáir. Bhuail an Coiste le chéile ceithre huaire in 2024 agus thug faoi na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas i rith na bliana:

(a) Athbhreithniú ar an Ráiteas maidir le Rialachas agus Rialú Inmheánach le cur san áireamh sna Ráitis Airgeadais do 2024.
(b) Cruinniú le hionadaí ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun iniúchadh na bliana 2023 agus saincheisteanna litreacha bainistíochta ag eascairt as a phlé.
(c) Gnólacht iniúchóireachta seachtraí nua a roghnú tar éis cleachtadh soláthair.
(d) Cruinniú le hionadaí ó iniúchóirí seachtracha na hOllscoile chun iniúchadh 2023 agus nithe a eascraíonn as a phlé.
(e) Athbhreithniú ar an doiciméad scóipe um Iniúchta Inmheánaigh 2024 agus faomhadh na tuairisce Iniúchta Inmheánaigh a rinneadh dá bharr.
(f) Athbhreithniú leanúnach ar an gClár Riosca agus faomhadh na nósanna imeachta do bhainistiú an Chláir.

Bhí monatóireacht agus athbhreithniú an tSeanaid ar éifeachtacht an chórais do rialú inmheánach le linn 2024 á threorú ag na tuairiscí rialta ón gCoiste Airgeadais, ón gCoiste Iniúchta agus Riosca agus ó bhainistíocht na hOllscoile. Tógann an Seanad san áireamh freisin na nótaí tráchta ón iniúchóir seachtrach (an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) agus ó na hiniúchóirí seachtracha in aon litreacha um bhainistiú iniúchta a fhaightear.

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach le linn 2024 a chruthódh caillteanas, teagmhas nó éiginnteacht ábhartha nó ba chóir a nochtadh i ráiteas maidir le rialachas agus rialú inmheánach. Tá an Seanad tiomanta d'athbhreithniú leanúnach ar na córais do bhainistiú riosca agus rialú inmheánach le fócas láidir ar a chinntiú go bhfuil siad éifeachtúil agus éifeachtach araon.

**Príomhathruithe Pearsanra**

D'éirigh an Dr Maurice Manning as a phost mar Sheansailéir i mí Eanáir 2024. Toghadh an tOllamh Michael Murphy ina Sheansailéir i mí Dheireadh Fómhair 2024.

**Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe**
Leagtar amach sochair ghearrthéarmacha fostaithe de bhreis ar €60,000 i Nóta 9. Ní raibh aon íocaíochtaí foirceanta ann in 2024.

| **Costais Chomhairleachta** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Luacháil Maoine agus Táillí Ailtirí | 2,460 | 9,870 |
| Comhairle Achtúire, Pinsean agus Ghinearálta | 7,343 | 3,319 |
| Athbhreithniú TF | 13,284 | - |
| Táillí stocbhróicéireachta | 33,729 | 24,269 |
| Táillí dlí | - | - |
| Athbhreithniú Institiúideach (Cinnte) | - | 30,000 |
| Comhairle maidir le Cosaint Sonraí | 1,845 | - |
| Comhairle maidir le Soláthar | 769 | - |
| Fo-iomlán | 59,430 | 67,458 |
| Táillí iniúchta reachtúil | 10,500 | 9,500 |
| Táille iniúchta ceaptha ag an Seanad | 23,985 | 23,985 |
| Iniúchadh inmheánach | 3,995 | 4,800 |
| Iomlán | **97,910** | **105,743** |

**Costais Dlí agus Socruithe**

Ní raibh aon chostais dlí sa tréimhse tuairiscithe i dtaca le socruithe, idir-réiteach nó imeachtaí eadrána. Ní áirítear sa chatagóir seo caiteachas a tabhaíodh i dtaca le comhairle dlí ghinearálta a fuair Ollscoil na hÉireann a nochtaítear sna costais Chomhairleachta thuas.

**Caiteachas Taistil agus Cothabhála**

Seo a leanas miondealú ar Thaisteal, Cothabháil agus Fáilteachas.

| Taisteal agus Cothabháil | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Foireann | 1,090 | 1,662 |
| Seanad | 1,184 | 1,697 |
| Iomlán | **2,274** | **3,359** |

**Caiteachas Fáilteachais**

Déantar caiteachas fáilteachais a rangú mar seo a leanas:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Foireann | 475 | 623 |
| Seanad | 2,830 | 737 |
| Tríú Páirtithe | 19,738 | 39,143 |
| Iomlán | **23,043** | **40,503** |

Áirítear le caiteachas fáilteachais tríú páirtithe costais lónadóireachta le haghaidh bronnta oinigh, lainseálacha leabhar agus léachtaí. Níor tionóladh aon bhronnadh oinigh in 2024.

**Rialuithe Airgeadais**

D'fhan róil agus freagrachtaí mar a gcéanna i rith na bliana ama agus leantar den scaradh ar dhualgais ar fud na n-oibríochtaí airgeadais go léir. Níor athraíodh teorainneacha údaraithe agus tairsigh íocaíochta. Déantar faimhadh agus fianaise ar cheadú trí shíniú leictreonach agus/nó r-phost chomh maith le láimhe más féidir. Fanann rialuithe láidre ar bun maidir le hathrú ar shonraí bainc fostaitthe agus soláthraithe.

**Clár Riosca**

Rinneadh an Clár Riosca a nuashonrú in 2024 chun rioscaí agus deiseanna atá ag teacht chun cinn a léiriú.

Tá riosca ina bhuanmhír ar chlár oibre an Choiste Iniúchta agus Riosca.

**Soláthar**

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Ollscoil na hÉireann chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP).

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**
**RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH**
**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2024**

**Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta ar bun ag Ollscoil na hÉireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú OÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh á threorú ag obair na nIniúchóirí Inmheánacha, an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, na hIniúchóirí Seachtracha agus an ardbhainistíocht laistigh d'Ollscoil na hÉireann atá freagrach as an bhforbairt agus cothabháil ar an líonra rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Dearbhaímid go ndearna an Seanad athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2024 an 20 Feabhra 225. Níor sainaithníodh aon mhórlaigí sa rialú.

Sínithe:

**An tOllamh Michael Murphy**
**Seansailéir**

**An Dr Patrick O'Leary**
**Cláraitheoir**

30-9-25
**Dáta**

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**
**RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN tSEANAID**
**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2024**

Tá sé de dhualgas ar an Seanad ráitis airgeadais a ullmhú in aghaidh na bliana airgeadais a thugann radharc fíor agus cruinn ar ghnóthaí na hOllscoile agus ar an bhfarasbarr nó easnamh don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú tá sé de dhualgas ar an Seanad:

- polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go seasta;
- cinntí agus meastacháin cuntasaíochta atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- a rá cé acu ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an tionchar agus na cúiseanna le haon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a nótáil; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Ollscoil i mbun gnó.

Tá an Seanad freagrach as cothabháil agus iontaofacht na faisnéise corporáidí agus airgeadais atá san áireamh ar shuíomh gréasáin na hOllscoile. Féadfaidh reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhúchán agus scaipeadh ráiteas airgeadais a áirítear i dtuairiscí an tSeanaid a bheith éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Tá an Seanad freagrach as taifid chuntasaíochta imleor a choimeád a nochtann staid airgeadais na hOllscoile go sách cruinn ag am ar bith. Tá an Seanad freagrach freisin na sócmhainní uilig atá faoina chúram a choimeád slán agus dá bharr sin gach rud is féidir a dhéanamh chun caimiléireacht agus mírialtachtaí eile a aithint agus a chosc.

**Sínithe:**

**An tOllamh Micheal Murphy**
**Seansailéir**

**An Dr Patrick O'Leary**
**Cláraitheoir**

30-9-25
**Dáta**

## TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH
## CHUIG SEANAD OLSCOIL NA hÉIREANN

### Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais d'Ollscoil na hÉireann ("an Ollscoil") don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024 ina bhfuil an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Athruithe ar na Cúlchistí, an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhúchán na caighdeáin cuntasaíochta eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais lena n-áirítear FRS 102 "an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn" (An Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis go Ginearálta in Éirinn).

Dar linne, maidir le ráitis airgeadais Ollscoil na hÉireann:
- tugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na hOllscoile amhail an 31 Nollaig 2024, agus ar a feidhmíocht airgeadais agus ar a sreafaí airgid don bhliain airgeadais sin dar críoch.
- ullmhaíodh i gceart iad de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Ginearálta in Éirinn agus leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta – Cuntasaíocht don Bhreisoideachas agus don Ardoideachas.

### Bunús leis an Tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (Éire) (ISAnna (Éire)) agus de réir an dlí infheidhmithe. Tuairiscítear ár gcuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin tuilleadh sa roinn 'freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais' dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an Ollscoil de réir na riachtanas eiticiúil atá ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, mar atá an Caighdeán de chuid Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na riachtanais sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar dár dtuairim.

### Cinntí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, chinneamar go bhfuil úsáid an tSeanaid as bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh in ullmhúchán na ráiteas airgeadais iomchuí.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le heachtraí nó cúinsí a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó le chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hOllscoile leanúint mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí déag ar a laghad ón dáta ar a n-údarófar na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí, agus freagrachtaí an tSeanaid, maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

## TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH
## CHUIG SEANAD OLSCOIL NA hÉIREANN

**Faisnéis eile**

Is é an Seanad atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear san fhaisnéise eile an fhaisnéis sin atá le fáil sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil na n-iniúchóra fúthu sin, lena n-áirítear an Ráiteas faoi Rialachas agus Rialú Inmheánach.. Ní chlúdaítear ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais san fhaisnéis eile, agus seachas a mhéid sin a dhearbhaítear go sonrach inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál de thátal cinnteachta faoi sin.

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is í an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, le linn dúinn sin a dhéanamh, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuaireamar san iniúchadh nó má fheictear dúinn go ndearnadh míráiteas faoi go hábhartha seachas sin. Má aimsímid a leithéid de neamhréireachtaí sna ráitis airgeadais, tá sé de dhualgas orainn a chinneadh an ann do mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile. Má cheapaimid, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, gurb ann do mhíráiteas ábhartha san fhaisnéise eile sin, ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt faoi sin.

Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs sin.

**Nithe a gceanglaíodh orainn tuairisc a thabhairt orthu**

- Tá gach faisnéis agus gach míniú faighte againn a bhfuil gá leis, dar linn, chun críche ár n-iniúchta.
- Dar linne, tá taifid chuntasaíochta na hOllscoile imleor chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Freagrachtaí an tSeanaid as na ráitis airgeadais**

Mar a mhínítear níos iomláine sa ráiteas maidir le freagrachtaí an tSeanaid, tá an Seanad freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais a thugann léargas fíor agus cóir i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis go Ginearálta in Éirinn, lena n-áirítear FRS 102, agus as cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhú na ráiteas airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid, a éascú.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá an lucht bainistíochta freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar atá infheidhmithe, nithe a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus ag úsáid bhunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé beartaithe ag an Seanad an Ollscoil a leachtú nó éirí as bheith i mbun oibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réadúil acu seachas a leithéid a dhéanamh.

Tá na daoine sin a bhfuil sé de chúram orthu rialachas a dhéanamh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas tuairiscithe airgeadais na hOllscoile.

**Freagrachtaí an iniúchóra as iniúchadh na ráiteas airgeadais**

Is iad cuspóirí an iniúchóra cinnteacht réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint a bhfuil a dtuairim mar chuid di. Is ardleibhéal cinnteachta é cinnteacht réasúnta, ach ní dearbhú atá ann go n-aimseoidh iniúchadh a chuirtear i gcrích de réir ISAnna (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó as earráid agus meastar iad a bheith ábhartha, dá bhféadfaí bheith ag súil leis go réasúnta, ar bhonn aonair nó go comhiomlán, go rachaidís i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

## TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH CHUIG SEANAD OLSCOIL NA hÉIREANN

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir le ISAnna (Éire), cuirfidh an t-iniúchóir breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coinneoidh sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Déanfaidh an t-iniúchóir na nithe seo a leanas freisin:

- Rioscaí míráitis ábhartha faoi na airgeadais, cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis, a shainaithint agus a mheasúnú, nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i gcrích a fhreagraíonn do na rioscaí sin, agus fianaise a fháil atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar dá dtuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha a eascraíonn as calaois níos mó ná riosca a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfaidh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh inteannacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht rialú inmheánach na hOllscoile.
- Meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaí gaolmhara a dhéanann an lucht bainistíochta.
- A dhéanamh amach cé acu an bhfuil sé oiriúnach don lucht bainistíochta bunús cuntasaíocht an ghnóthais leantaigha úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann i dtaca le heachtraí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má mheasann siad go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orthu aird a tharraingt i dtuarascáil an iniúchóra ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más rud é nach leor na nochtaí sin, a dtuairim a leasú. Tá a dtuairimí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta thuarascáil an iniúchóra. Mar gheall ar theagmhais nó ar dhálaí sa todhchaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar anOllscoil scor de bheith ina gnóthas leantach, áfach.
- Meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear na nochtaó, agus an léiríonn na ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus na bunteagmhais ar bhealach a bhaineann dearcadh fíor cóir amach.

Cuireann an t-iniúchóir in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, an scóip agus an t-uainiú atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a aithnítear le linn an iniúchta.

**Cuspóir ár n-oibre iniúchta agus cé a bhfuil freagrachtaí dlite againn ina leith**
Is don Seanad amháin a dhéantar an tuarascáil seo, mar chomhlacht, i gcomhréir leis an scóip chomhaontaithe ár bhfostaithe. Rinneadh ár n-obair iniúchta sa chaoi is gur féidir linn a rá leis an Seanad na nithe sin is gá dúinn a rá leo i dtuarascáil na n-iniúchóirí agus ní ar chúis ar bith eile. A oiread agus is féidir de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht d'aon duine seachas an Ollscoil agus an Seanad mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí a thángamar orthu.

**Tony Harney**

---

**Tony Harney FCA**
**Ar son agus thar ceann**
**Harney Nolan**
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil
Teach Cothromais
Coimpléasc Gnó Pháirc na bhFianna
Bóthar Bhaile Átha Cliath
Ceatharlach

30 Meán Fómhair 2025

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Comptroller and Auditor General

## Tuairisc le cur i láthair Thithe an Oireachtais

## Ollscoil na hÉireann

### Tuairim maidir le ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ollscoil na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 mar a éilítear faoi fhorálacha Acht Ollscoileanna na hÉireann 1908. Is éard atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar athruithe i gcúlchistí
- an ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe cuntasaíochta suntasacha.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais radharc cruinn agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na hOllscoile mar a bhí ar 31 Nollaig 2024 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch ag an am sin i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme in RA agus Poblacht na hÉireann*.

#### *Bunús leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (ISAnna) mar atá curtha chun cinn ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tugtar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Táim neamhspleách ar an Ollscoil agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Agus m'iniúchadh á dhéanamh agam, féachaim le brath ar fhianaise ó iniúchadh ar na ráitis airgeadais ag iniúchóirí fostaithe ag an Ollscoil. Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an Ollscoil chomh maith leis na ráitis airgeadais. Áirítear anseo ráiteas maidir le rialachas agus rialú inmheánach agus ráiteas maidir le dualgais an tSeanaid. San aguisín leis an tuairisc seo tugtar cur síos ar mo fhreagrachtaí i dtaca leis an bhfaisnéis sin, agus i dtaca le nithe áirithe eile a dtugaim cur síos orthu ar bhonn eisceachta.

Níl aon rud le tuairisciú agam i dtaca leis na nithe sin.

**Mary Henry**
**Ar son agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**30 Meán Fómhair 2025**

## Freagrachtaí chomhaltaí an tSeanaid

Tá na comhaltaí freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a ordaítear in Acht na nOllscoileanna Éireannacha 1908
- a chinntiú go dtugtar leis na ráitis airgeadais léargas cóir agus cothrom i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú cé acu an bhfuil sé cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis sin.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi Acht na nOllscoileanna Éireannacha 1908 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hOllscoile agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais ina leith.

Is é an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cé an bhfuil na ráitis airgeadais mar iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó neamhrialtacht. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní barántas é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí más ann dó. Féadfaidh míráitis a bheith ann mar thoradh ar chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, iontu féin nó go carnach, go bhféadfaí a mheas go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirimse breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coinním sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Aithním agus déanaimse measúnú ar rioscaí míráitis ábhartha faoi na ráitis airgeadais cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis; déanaimse nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i gcrích a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighimse fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach mbraithfear míráiteas ábhartha ag eascairt as calaois ná ceann ag eascairt as earráid, toisc go bhféadfaidh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh inteannacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach a bheith ann le calaois.
- Faighimse tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaimse meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Déanaimse amach cé acu an bhfuil sé oiriúnach bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann i dtaca le heachtraí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má mheasaim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más rud é nach leor na nochtuithe sin, mo thuairim a leasú. Tá mo thuairimí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh ócáidí nó coinníollacha sa todhchaí cur ar an Ollscoil stopadh mar ghnóthas leantach, áfach.
- Déanaimse meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus na bun-eachtraí ar bhealach a bhaineann cur i láthair amach atá cóir.

Cuirimse in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, an scóip agus an t-amú atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím ar bhonn eisceachta freisin más rud é, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus mar ba cheart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím aon chineál de thuairim dearbhaithe ina leith sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, a mheas cé acu an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil ar bhealach eile go bhfuil sé míráite go hábhartha. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndéanaimse amach go bhfuil míráiteas ábhartha ar an fhaisnéis eile seo, tá orm an fhíric seo a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh le tagairt do na tosca speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistiú agus oibriú. Tuairiscím má tá aon nithe ábhartha a bhaineann leis an gcaoi ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn iniúchta. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha ann nár feidhmíodh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nár lean na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**
**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH**
**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2024**

| | Nóta | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Stáit (ÚAO) | 6 | 12,697 | 12,697 |
| Deontas Stáit (Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta) | 6/7 | 403,278 | - |
| Muirir agus táillí ollscoile | 8 | 2,695,519 | 2,745,157 |
| Ioncam infheistíochta agus ioncam úis | | 128,668 | 117,700 |
| Maoiniú iarchurtha do shochair scoir | 25 | 514,343 | 464,970 |
| Ioncam eile | 9 | 277,719 | 234,123 |
| **Ioncam iomlán** | | **4,032,224** | **3,574,647** |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | 11 | 1,509,809 | 1,393,561 |
| Costais oibriúcháin eile | 12 | 824,284 | 578,344 |
| Costais & oibleagáidí sochair scoir | 25 | 637,000 | 602,000 |
| Ús iníoctha agus muirir chosúla eile | 10 | 9,069 | 6,344 |
| Dímheas | 15 | 214,272 | 234,889 |
| Costais scrúduithe | 13 | 74,833 | 87,965 |
| Dámhachtainí scoláireachtaí taistil | | 583,000 | 427,999 |
| Deontais, comhaltachtaí & scoláireachtaí eile | 14 | 183,303 | 184,215 |
| **Caiteachas iomlán** | | **4,035,570** | **3,515,317** |
| **Farasbarr/(Easnamh) roimh ghnóthachain agus caillteanais eile** | 5 | **59,330** | **293,449** |
| Athluacháil ar mhaoin infheistíochta | 16 | 150,000 | (400,000) |
| (Dímheas)/Luachmhéadú ar infheistíochtaí | 17 | 237,041 | 98,153 |
| **Farasbarr/(Easnamh) don bhliain airgeadais** | | **383,695** | **(242,517)** |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | |
| Fáltas/(caillteanas) achtúire ar scéim sochair scoir | 25 | 105,000 | (1,503,000) |
| Gluaiseacht sa tsócmhainn maoinithe um shochar scoir iarchurtha | 25 | (105,000) | 1,503,000 |
| Athluacháil ar mhaoin agus trealamh | 13/22 | 206,060 | (673,500) |
| **Ioncam/(Easnamh) cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | | **589,755** | **(916,017)** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| Ioncam/(easnamh) cuimsitheach neamhshrianta don bhliain airgeadais | | 336,600 | (233,053) |
| Ioncam/(easnamh) cuimsitheach dhearlaicí inídithe srianta don bhliain airgeadais | | 47,095 | (9,464) |
| Ioncam/(easnamh) cuimsitheach srianta don bhliain airgeadais | | 206,060 | (673,500) |
| | | **589,755** | **(916,017)** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 22 go 39.

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**
**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH**
**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2024 (ar lean)**

**An tOllamh Michael Murphy**
**Seansailéir**

30-9-25

**Dáta**

**An Dr Patrick O'Leary**
**Cláraitheoir**

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**
**RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS**
**MAR A BHÍ 31 NOLLAIG 2024**

| | Nóta | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA** | | | |
| Maoin agus trealamh | 15 | 3,975,001 | 3,923,812 |
| Maoin infheistíochta | 16 | 2,400,000 | 2,250,000 |
| | | 6,375,001 | 6,173,812 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Infheistíochtaí | 17 | 3,944,639 | 3,056,042 |
| Infháltais | 18 | 673,386 | 471,286 |
| Airgead sa bhanc agus idir lámha | | 3,584,430 | 3,746,031 |
| | | 8,202,455 | 7,273,359 |
| **CREIDIÚNAITHE: suimeanna iníoctha laistigh de bhliain amháin** | | | |
| Nithe iníoctha laistigh de bhliain amháin | 19 | (1,037,768) | (1,001,380) |
| Scoláireachtaí agus duaiseanna a bronnadh ach nár íocadh | | (764,232) | (864,746) |
| | | (1,802,000) | (1,866,126) |
| **Glansócmhainní reatha** | | 6,400,455 | 5,407,233 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 12,775,456 | 11,581,045 |
| **CREIDIÚNAITHE: suimeanna iníoctha i ndiaidh breis agus bliain amháin** | | | |
| Scoláireachtaí agus duaiseanna a bronnadh ach nár íocadh | | (1,061,570) | (824,625) |
| Ioncam ó thiomnacht iarchurtha | | (831,148) | (463,437) |
| **GLANSHÓCMHAINNÍ (seachas sochair scoir)** | | 10,882,738 | 10,292,983 |
| Dliteanais sochair scoir | 25 | (12,853,000) | (12,918,000) |
| Sócmhainn maoinithe um shochar scoir iarchurtha | 25 | 12,853,000 | 12,918,000 |
| **GLANSHÓCMHAINNÍ (sochair scoir san áireamh)** | | **10,882,738** | **10,292,983** |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | |
| Cúlchiste ioncaim neamhshrianta | 20 | 6,432,169 | 6,095,569 |
| Cúlchiste dearlaicí inídithe srianta | 21 | 342,141 | 295,046 |
| Cúlchiste athluachála | 22 | 4,108,428 | 3,902,368 |
| | | **10,882,738** | **10,292,983** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 22 go 39.

D'fhaomh an Seanad na ráitis airgeadais an 22 Bealtaine 2025 agus síníodh iar ar a shon ar an dáta sin ag:

**An tOllamh Micheal Murphy**
**Seansailéir**

**An Dr Patrick O'Leary**
**Cláraitheoir**

**Dáta**

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**
**RÁITEAS AR ATHRUITHE I gCÚLCHISTÍ**
**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2024**

| | Cúlchiste ioncaim neamh-shrianta | Cúlchiste dearlaicí inídithe srianta | Cúlchiste athluachála | Iomlan |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Ag 1 Eanáir 2024** | **6,095,569** | **295,046** | **3,902,368** | **10,292,983** |
| Farasbarr don bhliain airgeadais | 336,600 | **47,095** | - | 383,695 |
| Farasbarr athluachála de mhaoin agus trealamh (Nótaí 15 agus 22) | - | - | 206,060 | 206,060 |
| Coigeartú cúlchiste | - | - | - | - |
| **Ag 31 Nollaig 2024** | **6,432,169** | **342,141** | **4,108,428** | **10,882,738** |

| | Cúlchiste ioncaim neamh-shrianta | Cúlchiste dearlaicí inídithe srianta | Cúlchiste athluachála | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Ag 1 Eanáir 2023** | 6,328,622 | 304,510 | 4,575,868 | 11,209,000 |
| (Easnamh) don bhliain airgeadais | (233,053) | (9,464) | - | (242,517) |
| Farasbarr athluachála de mhaoin agus trealamh (Nóta 22) | - | - | (673,500) | (673,500) |
| Coigeartú cúlchiste | - | - | - | - |
| **Ag 31 Nollaig 2023** | **6,095,569** | **295,046** | **3,902,368** | **10,292,983** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 22 go 39.

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**
**RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID**
**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2024**

| | Nóta | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2024 € | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2023 € |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Farasbarr/(Easnamh) don bhliain airgeadais | | 383,695 | (242,517) |
| **Coigeartuithe do** | | | |
| Dímheas ar mhaoin agus trealamh | 15 | 214,272 | 234,889 |
| Ús íoctha | 10 | 9,069 | 6,344 |
| Athluacháil ar mhaoin infheistíochta | 16 | (150,000) | 400,000 |
| Dímheas/(luachmhéadú) ar shócmhainn dearlaice | | (237,041) | (98,153) |
| (Ardú)/Ísliú ar infháltais | | (202,100) | 13,311 |
| (Ísliú)/Ardú ar nithe iníoctha laistigh de bhliain amháin | | (64,126) | (558,416) |
| Ardú ar nithe iníoctha i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | | 604,656 | 576,462 |
| **Airgead glan a gineadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **558,425** | **331,920** |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Infheistíochtaí a cheannach | | (1,385,141) | (381,003) |
| Infheistíochtaí a dhíol | | 733,585 | 517,178 |
| Maoin agus trealamh a cheannach | 15 | (59,401) | (102,691) |
| **Airgead glan (a úsáideadh in) / a gineadh ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(710,957)** | **33,484** |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús íoctha | 10 | (9,069) | (6,344) |
| **Airgead glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **(9,069)** | **(6,344)** |
| **Ardú/(ísliú) glan san airgead sa bhanc agus idir lámha** | | (161,601) | 359,060 |
| Airgead sa bhanc agus idir lámha ag tús na bliana | | 3,746,031 | 3,386,971 |
| **Airgead sa bhanc agus idir lámha ag deireadh na bliana** | | **3,584,430** | **3,746,031** |

**Níor cuireadh glanréiteach ar fhiacha i láthair toisc nach bhfuil aon fhiacha ag an Ollscoil.**

**An tOllamh Micheal Murphy**
**Seansailéir**

**An Dr Patrick O'Leary**
**Cláraitheoir**

30-9-25
**Dáta**

**OLLSCOIL NA hÉIREANN**
**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2024**

**1. Eolas ginearálta**

Bunaíodh Ollscoil na hÉireann ("OÉ"; an "Ollscoil") faoi Acht na nOllscoileanna, 1908 arna leasú a thuilleadh ag Acht na nOllscoileanna, 1997 agus an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 agus tá a ceannoifig ag 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

**2. Polasaithe cuntasaíochta**

Leagtar amach anseo thíos an bunús le cuntasaíocht agus polasaithe cuntasaíochta suntasacha a ghlac an Ollscoil. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar feadh dheireadh na bliana airgeadais agus don bhliain roimhe.

**(a) Ráiteas um chomhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na hOllscoile don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2024 faoi réir an Ráitis um Chleachtas Molta: Cuntasaíocht don Bhreisoideachas agus don Ardoideachas lena n-ionchorpraítear FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn.

**(b) Bunús an ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an choinbhinsiúin chostas stairiúil, ach amháin do shócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhastar ag luachanna córa mar a mhínítear sna polasaithe cuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais na hOllscoile.

**(c) Táillí Ollscoile**

Déantar ioncam ó tháillí Ollscoile a chionroinnt ar bhliain acadúil na n-ollscoileanna ranníocaíochta agus cuirtear sna cuntais é ar an mbonn seo.

**(d) Deontais a fuarthas**

I rith na bliana fuarthas trí dheontas i dtaca leis na nithe seo a leanas:

Deontas Stáit (ÚAO) – a fuarthas ón Údarás um Ard-Oideachas a dtaca le maoiniú athfhillteach. Téann stair an deontais seo níos faid siar ná an Ollscoil féin, nuair a bronnadh Stg£20,000 ar an Ollscoil Ríoga ar dtús. Faoi Acht na nOllscoileanna 1908, roinneadh an tsuim seo go cothrom idir Ollscoil na hÉireann nuabhunaithe agus Ollscoil na Banríona agus uaidh sin i leith mhair sé trí bhoilsciú, aistriú ó Phunt na Breataine go dtí Punt na hÉireann agus aistriú go dtí an Euro. Níl aon srian ar a úsáid. Tógtar an deontas iomlán d'ioncam sa bhliain ina mbronntar é.

Faoi Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú) 2024, sannadh ról Údarás Clárúcháin Lárnach thoghcheantar nua Ardoideachais Sheanad Éireann don Ollscoil. Chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maoiniú deontais stáit ar fáil don Ollscoil chun Clár na dToghthóirí a bhunú don toghcheantar nua. Aithnítear maoiniú stáit a fhaightear i leith tionscadal sonraithe ar bhonn infhaighte nuair a bhíonn dearbhú réasúnta ann go gcomhlíonfaidh an Ollscoil na coinníollacha a ghabhann leis an deontas agus go bhfaighfear an deontas.

Sochair Scoir – a fuarthas ón Údarás um Ard-Oideachas a dtaca le maoiniú bliantúil um easnamh do shochair scoir. Maoiniú bliantúil um easnamh do shochair scoir faighte/infhaighte ón Údarás um Ard-Oideachas mar atá leagtha amach faoi Alt 12 (6) den Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Ní fhéadfar an maoiniú a chur i bhfeidhm ach ar easnaimh ar Scéim Sochar Scoir na hOllscoile. Áirithítear an deontas iomlán sa Chuntas Rialaithe Sochair Scoir sa bhliain ina ndeontar é.

**2. Polasaithe cuntasaíochta (ar lean)**

**(e) Dearlaicí**

Déantar ioncam infheistíochta agus luachmhéadú ar dhearlaicí a chlárú san ioncam sa bhliain ina dtarlaíonn siad, agus mar ioncam srianta nó neamhshrianta, de réir na dtéarmaí a chuirtear i bhfeidhm leis an gciste dearlaice aonair. Tá dhá phríomhchineál dearlaicí laistigh de chúlchistí:

i. *Dearlaicí neamhshrianta* - tá an ciste le hinfheistiú go buan chun sruth ioncaim a ghiniúint chun leasa ghinearálta na hOllscoile.
ii. *Dearlaicí inídithe srianta* - leithdháiltear an ciste do chuspóir ar leith seachas sócmhainní seasta inbhraite a cheannach nó a chruthú, agus tá cumhacht ag an Ollscoil an caipiteal a úsáid.

**(f) Scéim sochair scoir**

Scéimeanna Sochair Scoir i bhfeidhm: Tá trí scéim sochair scoir i bhfeidhm san Ollscoil faoi láthair:

(i) "Scéim Pinsean Ollscoil na hÉireann (Dúnta) 2010": (Dúnta ar bhaill nua ón 31 Nollaig 2008)

D'oibrigh an Ollscoil scéim sochair scoir mhaoinithe le sochar sainithe go dtí an 30 Meitheamh 2010. Bhí forálacha san Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 ("Acht 2009") d'ordú aistrithe a dhéanamh chun sócmhainní Chiste Sochair Scoir Ollscoil na hÉireann a aistriú chuig an gCúlchiste Náisiúnta Sochar Scoir an 30 Meitheamh 2010. Chaomhnaigh Acht 2009 cearta agus dualgais na gcomhaltaí a bhí ann cheana faoin scéim bhunaigh, faoi réir fhorálacha Ionstraim Reachtúil Uimh. 283 de 2010 a cheadaigh agus a dhún an scéim sochair scoir agus a d'athshannaigh an teideal mar seo a leanas: *"Scéim Pinsean Ollscoil na hÉireann (Dúnta) 2010"*. Déanann an Státchiste easnaimh mhaoinithe a eascraíonn faoin scéim a aisíoc go bliantúil faoi Alt 12(6) den Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009.

(ii) Scéim Eiseamláireach Ollscoil na hÉireann (1 Eanáir 2009 – 31 Nollaig 2012)

Tá an scéim seo ar bun chun freastal ar iontrálaithe nua a bhfuil cearta sochar scoir earnála poiblí incháilithe cheana acu, nach bhfuil ballraíocht sa Scéim Aonair nua (féach (iii) thíos) iomchuí. Faoi láthair tá beirt bhall gníomhacha agus beirt bhall iarchurtha sa Scéim Eiseamláireach, tá an Ollscoil ag feitheamh ar thuilleadh eolais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) maidir le "cruthú" Scéim Eiseamláireach OÉ faoi réir I.R. Uimh. 582 de 2014: RIALACHA MAIDIR LE RIALACHÁIN DO BHAILL SCÉIM SOCHAR SCOIR NA SEIRBHÍSE POIBLÍ ATÁ ANN CHEANA 2014. Is Scéim Phinsin neamh-mhaoinithe í an Scéim Eiseamláireach, a íoctar ar bhonn íoc mar a úsáidtear trí airgead a chuirtear ar fáil don Ollscoil ag an Stát chun na críche sin. Faoi FRS 102, má tá aon eintiteas beagnach cinnte go n-aisíocfadh páirtí eile cuid den chaiteachas nó an caiteachas go léir a theastaíonn chun oibleagáid sochair shainithe a áirithiú, aithneoidh an t-eintiteas an ceart chun aisíocaíochta mar shócmhainn. Déileálfaidh eintiteas leis na sócmhainní sin ar an mbealach céanna le sócmhainní plean. Mar thoradh air sin, do na Scéimeanna Pinsean uile léiríonn na ráitis airgeadais sócmhainn infhaighte de €12.853m, atá fritháirithe i gcoinne dliteanais scoir ionchasaigh de €12.853m.

(iii) An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (1 Eanáir 2013 ar aghaidh). Tá iontrálaithe nua le feidhm ón 01 Eanáir 2013, nach bhfuil cearta sochair scoir leanúnacha na hearnála poiblí cheana acu i dteideal dul isteach sa scéim seo. Is é tuairim na hOllscoile (de réir Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012) go ndéanfaí aon dliteanas i leith na Scéime Aonair a fhritháireamh le sócmhainn choibhéiseach i leith mhaoiniú Stáit amach anseo. Dá réir sin, aithníonn an Ollscoil sócmhainn, méid a chuimsíonn an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin.

Maoiniú na scéime sochair scoir: Ón 1 Iúil 2010, tá an scéim dúnta cistithe ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgid a chuireann an ollscoil ar fáil mar fhostóir, agus ranníocaíochtaí a asbhaintear ó chomhaltaí scéime incháilithe. Déantar easnaimh a éiríonn sa scéim sochar scoir, mar a shanntar faoi

**2. Polasaithe cuntasaíochta (ar lean)**

Alt 12 (6) d'Achtanna 2009, a chistiú faoi mheicníochtaí forbartha ag an Údarás um Ard-Oideachas. Léiríonn costais na sochar scoir na sochair scoir a thuill fostaithe sa tréimhse. Aithnítear suim atá ag teacht leis an muirear sochair scoir mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag cistiú faighte sa bhliain chun íocaíochtaí sochair scoir a urscaoileadh.

Ionramháil cuntasaíochta: Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúire ag éirí ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear leasú atá ag teacht leis sin sa suim atá in-aisghabhála ón Údarás um Ard-Oideachas. Léiriú is ea Dliteanais Sochair Scoir ar luach atá faoi láthair ar íocaíochtaí sochair scoir amach anseo tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiriú is ea an chistíocht sochair scoir ar athló ar na sócmhainní comhfhreagracha atá le hin-aisghabháil ón Údarás um Ard-Oideachas i dtréimhsí amach anseo. Tá soláthar déanta sna ráitis airgeadais do dhliteanais sa todhchaí faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

**(g) Idirbhearta airgeadra iasachta**

Aistrítear idirbhearta in airgeadraí iasachta chuig an airgeadra feidhmeach, Euro (€) ag an ráta malartaithe iasachta atá i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a thaispeántar in airgeadraí iasachta ag dáta an ráitis ar staid airgeadais a athaistriú chuig an airgeadra feidhmeach ag an ráta airgeadra iasachta atá i bhfeidhm ag an dáta sin. Aithnítear difríochtaí airgeadra iasachta ag éirí san aistriúchán sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Déantar sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadais a thomhastar i dtéarmaí costais stairiúil in airgeadra iasachta a aistriú ag baint úsáide as an ráta malartaithe ag dáta an idirbhirt. Déantar sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadais a thaispeántar in airgeadra iasachta a luaitear ag luach cóir a athaistriú chuig an airgeadra feidhmeach ag rátaí malartaithe iasachta ag na dátaí a cinneadh an luach cóir.

**(h) Maoin, trealamh agus dímheas**

Déantar maoin agus trealamh a lua ag costas nó luacháil agus gearrtar dímheas ar an maoin agus trealamh go léir. Is mar seo a leanas a mheastar saol úsáideach na maoine agus an trealaimh a ndéantar dímheas a ríomh trí thagairt dó ar bhonn na líne dírí:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 40 bliain |
| Trealamh & Troscán –Trealamh Oifige | 10 mbliana |
| Trealamh & Troscán –Trealamh Ríomhaireachta | 3/4 bliana |
| Fallaingeacha Acadúla | 20 bliain |

Déantar sócmhainní a cheannófar ó 2023 ar aghaidh a dhímheas ar feadh bliana iomlán beag beann ar dháta an cheannaigh laistigh den bhliain sin. Déantar sócmhainní ríomhaireachta agus TFC a cheannófar ó 2023 a dhímheas thar 3 bliana. Leanfar le dímheas a dhéanamh ar shócmhainní a ceannaíodh roimh 2023 thar 4 bliana go dtí go ndímheastar go hiomlán iad. Ní dhéantar ach sócmhainní a chosnaíonn €1,000 nó níos mó, gan CBL san áireamh, a chaipitliú ó 2023. Déantar sócmhainní iolracha a cheannófar ar chostas níos lú ná €1,000, gan CBL san áireamh, a chaipitliú ag luach iomlán an cheannaigh.

Sócmhainní Oidhreachta

Coinníonn agus cothabhálann an Ollscoil sócmhainní oidhreachta áirithe, amhail múrmhaisithe agus taifid stairiúla a bhaineann leis an Ollscoil. Caomhnaíonn an Ollscoil na sócmhainní seo do thaighde agus d'idirghníomhaíocht idir an Ollscoil agus an pobal.

Faoi réir Alt 17 (Maoin agus Trealamh) agus Alt 34 (Gníomhaíochtaí Speisialta) den chaighdeán cuntasaíochta FRS 102, ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a fuarthas roimh 1 Eanáir 2007 a chaipitliú sna ráitis airgeadais toisc go meastar nach féidir aon luach bríoch a chur orthu mar thoradh ar an easpa eolais faoin gcostas bunaidh agus toisc nach bhfuil na sócmhainní seo inréadaithe go réidh. Ina theannta sin, ní féidir luacháil sheachtrach a fháil ar chostas réasúnta.

## 2. Polasaithe cuntasaíochta (ar lean)

Ní bhfuarthas seilbh ar shócmhainní oidhreachta ar bith i ndiaidh 1 Eanáir 2007, laistigh de na teorainneacha atá sainithe sa pholasaí seo. Déanfaidh an Ollscoil sócmhainní ar bith a gheofar i ndiaidh an dáta sin ar a gcostas (i gcás nithe a cheannaíonn an Ollscoil) nó a luach cóir (i gcás tabhartas). Déantar sócmhainní oidhreachta bronnta a chaipitliú ag tagairt dá luach árachais, toisc go bhfuil sé seo ag teacht a bheag nó a mhór lena luach cóir. Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta le luach níos lú ná €10,000 a chaipitliú sna ráitis airgeadais. Déantar gach costas a thabhaítear i ndáil le caomhnú agus caomhnú a áireamh mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

**(i) Athluacháil ar mhaoin agus trealamh**

Iompraítear foirgnimh aonair ruílse agus léasacha ag luach cóir na bliana reatha ag dáta na hathluachála lúide dímheas carnach ina dhiaidh sin agus caillteanais charnacha laigí ina dhiaidh sin. Déantar athluachálacha le minicíocht imleor chun a chinntiú nach mbíonn difear ábhartha idir an luach iompair agus an luach a chinnteofaí ag baint úsáide as luach cóir ag dáta an Ráitis ar Staid Airgeadais. Déantar luachanna córa a chinneadh ó fhianaise bunaithe ar an margadh a dhéantar de ghnáth ag luachálaithe atá cáilithe go gairmiúil.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais athluachála in ioncam cuimsitheach eile ach amháin má sháraíonn caillteanais na gnóthachain a aithníodh roimhe nó má léiríonn siad ídiú soiléir ar thairbhí eacnamaíochta, agus sa chás sin aithnítear na caillteanais iomarca sa farasbarr/easnamh don bhliain.

**(j) Maoin infheistíochta**

Iompraítear maoin infheistíochta ag luach cóir a chinntear go bliantúil ag luachálaithe seachtracha agus a dhíorthaítear ó na cíosanna margaidh reatha agus na torthaí maoine infheistíochta d'eastát réadach inchomparáide, leasaithe más gá do dhifear ar bith i nádúr, suíomh nó riocht na sócmhainne ar leith. Ní sholáthraítear dímheas ar bith. Aithnítear athruithe sa luach cóir sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

**(k) Laigí ar mhaoin, trealamh, agus maoin infheistíochta**

Ag gach dáta tuairiscithe, déantar athbhreithniú ar mhaoin agus trealamh agus maoin infheistíochta lena chinneadh cé acu an bhfuil aon chomhartha go bhfuil caillteanas laige tagtha ar na sócmhainní seo. Má tá aon chomhartha ar laige fhéideartha, déantar an tsuim in-aisghabhála de shócmhainn ar bith atá buailte a mheas agus a chur i gcomparáid lena suim coinneála. Má tá an tsuim in-aisghabhála mheasta níos ísle, laghdaítear an tsuim coinneála chuig a suim in-aisghabhála mheasta, agus aithnítear caillteanas laige láithreach sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Má aisiompaítear laige ina dhiaidh sin, méadaítear suim coinneála na sócmhainne chuig an meastachán leasaithe ar a suim in-aisghabhála, ach ní de bhreis ar an tsuim a chinnfí dá mba rud é nár aithníodh caillteanas laige ar bith don tsócmhainn i mblianta roimhe. Aithnítear aisiompú ar chaillteanas laige láithreach sa bhrabach nó caillteanas.

**(l) Infheistíochtaí**

Luaitear infheistíochtaí liostaithe a choinnítear mar shócmhainní airgeadais nó mar shócmhainní dearlaice ag luach an mhargaidh. Cuirtear gnóthachain nó caillteanais ar shócmhainní dearlaice san áireamh sa chúlchiste dearlaice. Déantar an gnóthachan nó caillteanas ar luach na n-infheistíochtaí a choimeádtar a thaifeadadh laistigh den Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach faoin ngnóthachan nó caillteanas ar infheistíochtaí.

**(m) Bun-ionstraimí airgeadais**

Aithnítear féichiúnaithe/creidiúnaithe trádála agus eile ar dtús ag praghas idirbhirt móide costais idirbhirt inchurtha i leith. I ndiaidh aitheantais tosaigh déantar iad a thomhas ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtaigh, lúide caillteanais laige ar bith i gcás féichiúnaithe trádála agus eile.

**2. Polasaithe cuntasaíochta (ar lean)**

**(n) Sochair fostaí ghearrthéarma – fabhrú pá saoire**
Aithnítear dliteanas a oiread agus a fhabhraítear aon teidlíocht pá saoire atá neamhúsáidte ag dáta an Ráitis ar Staid Airgeadais agus tógtar ar aghaidh é chuig tréimhsí sa todhchaí. Déantar é seo a thomhas ag costas tuarastail neamhlascainithe na teidlíochta saoire sa todhchaí a fabhraíodh ag dáta an Ráitis ar Staid Airgeadais.

**(o) Airgead sa bhanc agus idir lámha**

Is ionann airgead sa bhanc agus idir lámha airgead idir lámha agus taiscí éilimh atá faoi réir ag riosca neamhshuntasach d'athruithe sa luach.

**(p) Cáin**
Níl aon soláthar déanta do cháin ó tharla go bhfuil stádas díolúine cánach ag an Ollscoil.

**(q) Léasanna Oibriúcháin**
Aithnítear ioncam cíosa maidir le léasanna oibriúcháin mar ioncam i suimeanna bliantúla comhionanna thar thréimhse an léasa.

**(r) Cúlchistí**
Rangaítear cúlchistí mar chúlchistí srianta nó neamhshrianta.

**(s) Ioncam ó Thiomnachtaí Iarchurtha**
Aithnítear ioncam tiomnachta nuair a bhíonn teideal dlíthiúil ag an Ollscoil ar an ioncam, nuair is féidir an méid a thomhas go hiontaofa, agus nuair is dócha go bhfaighteár é. De ghnáth is é an teideal dlíthiúil an ceann is luaithe de fhógra faoi dháileadh atá ar tí tarlú ó eastát ina bhfuil an méid ar eolas nó inar féidir meastachán réasúnta a dhéanamh air, nó fáltas iarbhír cistí. I gcás ina bhfaighteár ioncam tiomnachta faoi choinníollacha sriantacha a shonraíonn go gcaithfear na cistí a chur i bhfeidhm chun críocha nó dámhachtainí sonracha, cuirtear an t-ioncam sin siar agus taifeadtar é faoi chreidiúnaithe: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin nó tar éis níos mó ná bliain amháin, de réir mar is iomchuí. Scaoiltear ioncam iarchurtha chuig an Ráiteas ar Ioncaim Chuimsitheach i gcomhréir leis an gcaiteachas a thabhaítear ar na críocha sonraithe. Tugtar cistí tiomnachta srianta neamhchaite ag deireadh na bliana ar aghaidh i gcreidiúnaithe mar ioncam tiomnachta iarchurtha go dtí go n-úsáidfear iad de réir choinníollacha an deontóra.

**(t) Scoláireachtaí agus duaiseanna a brommadh ach nár íocadh**
Bronnann an Ollscoil scoláireachtaí agus duaiseanna ar mhic léinn bunaithe ar chritéir fheidhmíochta shonracha. Aithnítear dliteanas nuair a bhronntar an duais go foirmiúil agus nuair a chuirtear in iúl don mhac léinn í, toisc gur oibleagáid inchiallaithe ar an Ollscoil é seo. I gcás ina gclúdaíonn úsáid nó fuascailt na duaide ag an mac léinn tréimhsí sa todhchaí, déantar an dliteanas a aicmiú idir creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin nó méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin, bunaithe ar mheastachán is fearr na hOllscoile ar an tréimhse úsáide ionchais.

Cuirtear costas na duaise siar sa Ráiteas Airgeadais, rud a léiríonn an prionsabal meaitseála trína n-aithnítear an costas sa tréimhse chéanna ina bhfuiltear ag súil go n-ídeoidh nó go n-úsáidfidh an mac léinn an sochar gaolmhar. Déanann an bhainistíocht athbhreithniú ar an luach iompair agus ar an am a bhfuiltear ag súil leis maidir le húsáid na duaise ag gach dáta tuairiscithe. Déantar coigeartuithe má bhíonn sé dóchúil nach n-úsáidfear an duais nó má táthar ag súil le húsáid níos luaithe nó níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús.

## 3. Stádas an ghnóthais leantaigh

Tá an Ollscoil curtha san áireamh mar "chomhlacht dámhachtana ainmnithe" san Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Cuireann an reachtaíocht seo bonn le gaol na hOllscoile lena Coláistí Aitheanta; Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn agus an Foras Riaracháin agus na cáilíochtaí a bhronntar sna coláistí sin. Tacaíonn OÉ lena Coláistí Aitheanta i dtéarmaí a bhfreagrachtaí Dearbhú Cáilíochta, lena n-áirítear creataí, polasaithe agus treoirlínte ag éirí as an Acht. Scartha uaidh sin, críochnaíodh athbhreithniú Institiúideach Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) in 2023 agus foilsíodh an tuarascáil i ráithe 4 2023 agus d'fhoilsigh QQI an tuarascáil leantach riachtanach don phlean cur chun feidhme i mí na Nollag 2024.

## 4. Cinntí i gcur i bhfeidhm polasaithe cuntasaíochta agus príomhfhoinsí éiginnteachta meastacháin

Éilíonn ullmhúchán na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht cinntí, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais mar atá ag dáta an Ráitis ar Staid Airgeadais agus na suimeanna a thuairiscítear d'ioncaim agus costais i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheidh difriúil ó na meastacháin sin. Is ag na cinntí seo a leanas a bhí an tionchar is suntasaí ar an suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

<u>Cinntí</u>
*Gnóthas leantach*
Mar a luaitear i dtaca le gnóthas leantach i Nóta 3 thuas, tá bailíocht bhonn an ghnóthais leantaigh ag brath ar an reachtaíocht mar a chinneann an tAire Oideachais agus Scileanna. Agus fiosruithe déanta agus machnamh a dhéanamh ar na nithe dá dtagraítear i Nóta 3, tá ionchas réasúnta ag Seanad OÉ go leanfaidh Ollscoil na hÉireann i mbun oibre go ceann i bhfad. Ar an cúiseanna seo, leanann Seanad OÉ de bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht a ghlacadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

<u>Meastacháin</u>
*Dualgais um shochar scoir*
Braitheann luach reatha na ndualgas um shochar scoir ar roinnt tosca a chinntear ar bhonn achtúire ag baint úsáide as roinnt toimhdí. Áiríonn na toimhdí a úsáidtear i gcinneadh ar an nglanchostas (ioncam) do shochair scoir an ráta lascaine. Beidh tionchar ag athrú ar bith ar na toimhdí seo ar shuim iompair na ndualgas um shochar scoir.

*Tomhas ar luach cóir – Maoin agus trealamh agus maoin infheistíochta*
Baineadh úsáid as teicnící luachála chun luach cóir na n-ionstraimí airgeadais a chinneadh (sa chás nach mbíonn luachanna margaidh gníomhaigh ar fáil) agus sócmhainní neamh-airgeadais. Áiríonn sé seo meastacháin agus toimhdí a fhorbairt atá ag teacht leis an gcaoi ina ndéanfadh rannpháirtithe sa mhargadh praghsáil ar an ionstraim nó sócmhainn neamhairgeadais. Sa chás sin baineann an bhainistíocht úsáid as an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil. Féadfaidh luachanna córa measta a bheith difriúil ó na praghsanna iarbhír a gheofaí in idirbheart ar neamhthuilleamaí ar an dáta tuairiscithe.

## 5. Farasbarr/(Easnamh) don bhliain

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Léirítear an farasbarr/(easnamh) i ndiaidh iad seo a ghearradh: | | |
| Dímheas ar mhaoin agus trealamh (Nóta 15) | 214,272 | 234,889 |
| Luach saothair iniúchóirí (Nóta 12) | 38,480 | 37,285 |

Áirítear an táille iniúchta inmheánaigh, táille iniúchta seachtraigh agus táille iniúchta reachtúil sa luach saothair iniúchóirí.

## 6. Deontais Stáit

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deontas Stáit i gCabhair (an tÚdarás um Ard-Oideachais) | 12,697 | 12,697 |
| Deontas Stáit (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta)[1] | 403,278 | - |
| | 415,975 | 12,697 |

[1]Tá ról ag Ollscoil Náisiúnta na hÉireann mar an tÚdarás Clárúcháin Lárnach don toghcheantar nua Ardoideachais i Seanad Éireann. Tá an fheidhm seo sannta do OÉ faoin Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú) 2024. Tá OÉ ag fáil an deontais seo chun Clár na dToghthóirí a bhunú agus a chothabháil don toghcheantar nua. Cruthaíodh an chéad chlár an 1 Aibreán 2025.

## 7. Maoiniú Stáit

| | |
|---|---|
| Roinn Rialtais Urraithe | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| Clár deontais | Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024 |
| Srian ar úsáid | Costais riachtanacha agus réasúnta a thabhaíonn OÉ ar a bunú mar an Údarás Clárúcháin Lárnach (CRA) i dtoghcheantar Ardoideachais Sheanad Éireann. |
| Téarma | Le húsáid faoin 31 Nollaig 2024 |

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Deontas Iomlán | 403,278 | - |
| Deontas Iomlán a fuarthas sa bhliain reatha | 395,994 | - |
| Aitheanta mar ioncam sa bhliain reatha | 403,278 | - |
| Caiteachas ábhartha a tabhaíodh sa bhliain reatha | 403,278 | - |
| Deontas infhaighte ag deireadh na bliana | 7,284 | - |

## 8. Muirir Ollscoile agus Ioncam ó Tháillí

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táille mhic léinn OÉ | 2,168,724 | 2,228,851 |
| Íocaíochtaí Choláistí Aitheanta | 260,000 | 260,000 |
| Táillí eile | 266,795 | 256,306 |
| | 2,695,519 | 2,745,157 |

## 9. Ioncam eile

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Éigse agus foilseacháin eile | 7,314 | 3,256 |
| Cíos ar Uimh. 48 Cearnóg Mhuirfean | 130,002 | 130,002 |
| Muirear bainistíochta | 22,202 | 10,944 |
| Ranníocaíocht sochar scoir foirne | 27,945 | 28,501 |
| Ioncam Eile | 40,256 | 46,420 |
| Ioncam Tiomnachta | 50,000 | 15,000 |
| | 277,719 | 234,123 |

| **10. Ús iníoctha agus muirir dá leithéid** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ús agus muirir bainc | 9,069 | 6,344 |

| **11. Costais foirne** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **Líon** | **Líon** |
| Comhaireamh na mBall Foirne Riaracháin (FTE) | 28 | 21 |

**Miondealú ar shochair fostaithe** *(ÁSPC Fostóirí san áireamh )*

| **Costais fostaíochta** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Pá & tuarastail | 1,368,767 | 1,271,457 |
| Costais leasa shóisialaigh | 141,042 | 122,104 |
| | 1,509,809 | 1,393,561 |

**11. Costais foirne (ar lean)**

Mar chuid de Chiorclán Deontais 13/2014 tá ceanglas ann anois miondealú a nochtadh de phá iomlán fostaithe os cionn €60,000 a íocadh sa tréimhse

| **Raon de shochair fostaithe iomlána (Gan ÁSPC Fostóra san áireamh in 2024)** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| €60,000 - €69,999 | 2 | 1 |
| €70,000 - €79,999 | 6 | 5 |
| €80,000 - €89,999 | - | 2 |
| €90,000 - €99,999 | 1 | 1 |
| €100,000 - €109,999 | 1 | 1 |
| €110,000 - €119,999 | - | - |
| €120,000 - €129,999 | - | - |
| €130,000 - €139,999 | - | - |
| €140,000 - €149,999 | - | - |
| €150,000 -€159,999 | 1 | 1 |

| **Pá an Chláraitheora/Príomhphearsanra (Gan ÁSPC Fostóira san áireamh in 2024)** | **2024** | **2024** | **2023** | **2023** |
|---|---|---|---|---|
| | Tuarastal | Speansais | Tuarastal | Speansais |
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Patrick O'Leary | 154,880 | - | 154,235 | 40 |
| Príomhphearsanra Bainistíochta Eile | 272,653 | - | 281,625 | 101 |

## 12. Costais oibriúcháin eile

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fógraíocht & cló | 47,379 | 66,056 |
| Táille iniúchta reachtúil | 10,500 | 9,500 |
| Táille iniúchta ceaptha ag an Seanad | 23,985 | 23,985 |
| Táille neamh-iniúchta ceaptha ag an Seanad | 3,995 | 4,800 |
| Táillí gairmiúla eile | 59,909 | 62,792 |
| Toghchán comhghairme | 26,273 | - |
| Ócáidí dámhachtana, bronnta agus léachtaí | 46,163 | 81,498 |
| Costais ríomhaireachta & cumarsáide | 200,216 | 130,523 |
| Costais ilghnéitheacha | 23,063 | 23,136 |
| Costais postais (clár nua SE san áireamh) | 183,291 | 21,519 |
| Taisteal & Cothabháil – Seanad & coistí | 14,383 | 11,969 |
| Oiliúint & forbairt foirne | 24,721 | 25,376 |
| Cothabháil, árachas & slándáil d'fhoirgnimh | 160,406 | 117,190 |
| | 824,284 | 578,344 |

## 13. Speansais scrúduithe

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Scrúdaitheoirí Seachtracha (Liúntais Cothabhála san áireamh) | 74,862 | 81,780 |
| Scrúdaitheoirí Seachtracha (Taisteal) | 7,606 | 6,321 |
| Scrúdaitheoirí Seachtracha (Forálacha Oidhreachta) | (39,405) | (28,089) |
| Scrúdóireacht Chéim Máistreachta | 8,295 | 12,362 |
| Ionadaithe Ollscoile ag an Ardteistiméireacht | 23,475 | 15,591 |
| | 74,833 | 87,965 |

## 14. Deontais, comhaltachtaí & scoláireachtaí eile

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deontais i gCabhair – dámhachtana | | |
| Comhdheiseanna agus Míchunais | 115,700 | 80,500 |
| Dámhachtana comhaltachta iardhochtúireachta/E J Phelan | - | - |
| Deontais d'fhoilseacháin léinn | 21,315 | 12,195 |
| Acadóirí Luathghairme | 25,765 | 44,611 |
| Scoláireachtaí agus duaiseanna iarchéime agus costais ghaolmhara | 20,523 | 46,909 |
| | 183,303 | 184,215 |

| **15. Maoin agus trealamh** | **Foirgnimh** | **Fallaingeacha Acadúla** | **Trealamh & Troscán** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Costas / luacháil** | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2023 | 6,309,942 | 30,103 | 916,116 | 7,256,161 |
| Breiseanna | - | - | 102,691 | 102,691 |
| Diúscairtí | - | - | - | - |
| Gluaiseacht athluachála (Nóta 22) | (673,500) | - | - | (673,500) |
| **Ag 31 Nollaig 2023** | 5,636,442 | 30,103 | 1,018,807 | 6,685,352 |
| Breiseanna | - | - | 59,401 | 59,401 |
| Diúscairtí | - | - | - | - |
| Gluaiseacht athluachála (Nóta 22) | 206,060 | - | - | 206,060 |
| **Ag 31 Nollaig 2024** | 5,842,502 | 30,103 | 1,078,208 | 6,950,813 |
| **Dímheas** | | | | |
| Ag 1 Eanair 2023 | 2,009,942 | 30,103 | 486,606 | 2,526,651 |
| Muirear don bhliain airgeadais | 126,500 | - | 108,389 | 234,889 |
| Diúscairtí | - | - | - | - |
| **Ag 31 Nollaig 2023** | 2,136,442 | 30,103 | 594,995 | 2,761,540 |
| Muirear don bhliain airgeadais | 106,060 | - | 108,212 | 214,272 |
| Diúscairtí | - | - | - | - |
| **Ag 31 Nollaig 2024** | 2,242,502 | 30,103 | 703,207 | 2,975,812 |
| **Glanluach Leabhair** | | | | |
| Ag 31 Nollaig 2023 | 3,500,000 | - | 423,812 | 3,923,812 |
| **Ag 31 Nollaig 2024** | **3,600,000** | **-** | **375,001** | **3,975,001** |

Rinne de Vere White & Smyth, 35 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 luacháil neamhspleách €3,600,000 ar fhoirgnimh OÉ ag Uimh. 49 Cearnóg Mhuirfean faoi mar a bhí an 31 Nollaig 2024 (2023: €3,500,000) ar bhonn na luachála ar an margadh oscailte.

Dá mba rud é nár cuireadh an foirgneamh san áireamh ag luacháil dhéanfaí dímheas iomlán air.

<u>Sócmhainní Oidhreachta</u>
Coinníonn agus cothabhálann an Ollscoil sócmhainní oidhreachta áirithe, ar nós múrmhaisithe agus taifid stairiúla a bhaineann leis an Ollscoil. Caomhnaíonn an Ollscoil na sócmhainní seo do thaighde agus d'idirghníomhaíocht idir an Ollscoil agus an pobal.

<u>Múrmhaisithe Balla</u>
Thóg George Kent Uimhir 49 Cearnóg Mhuirfean, sár-theach Seoirseach ar an dtaobh thoir den Chearnóg, am éigin idir na 1790í agus 1814. Sa bhliain 1818 thóg Robert Way Harty, a bhí ina Ard-Mhéara ar Bhaile Átha Cliath ina dhiaidh sin, ar léas é. D'ordaigh sé sraith de mhúrmhaisithe sa dá sheomra ar an gcéad urlár, a mheastar a críochnaíodh c.1820 agus atá mar shár-thréith ag an teach. I measc na bhfeabhsuithe a rinneadh ar an teach níos déanaí bhí dhá sa 19ú céad bhí dhá phíosa simléir snasta Victeoiriacha déanta as marmar a cuireadh isteach sna seomraí seo agus balcóiní iarainn teilgthe lasmuigh de na fuinneoga ar an gcéad urlár. Tá Ollscoil na hÉireann lonnaithe sa teach ó 1912 i leith. Léirigh staidéar ar na múrmhaisithe a rinne Marguerite O'Farrell i 1976 gurb iad saothar ag roinnt ealaíontóirí, Claude Lorrain agus Peter Paul Rubens ina measc, a bhí mar fhoinsí agus mar inspioráid leis na radharcanna tírdhreacha Iodáileacha lena dtagarthaí clasaiceacha agus miotaseolaíochta.

**15. Maoin agus trealamh (ar lean)**

Ó thaobh scála agus cáilíochta de, níl macasamhail na sraithe múrmhaisithe i 49 Cearnóg Mhuirfean ar fáil áit ar bith eile i mBaile Átha Cliath agus tá siad suntasach ó thaobh na hoidhreachta Seoirsí um dhearadh intí de. Toisc go bhfuil siad anois lonnaithe in oifigí oibre, is saibhreas i bhfolach iad na maisithe seo, don chuid is mó. Mar sin féin, sa mhéid agus indéanta, tá OÉ tiomanta do rochtain a cheadú ar na saothair áille seo: eagraítear cuairteanna go rialta do stairithe ealaíona agus do scoláirí eile agus cuirtear rochtain ar fáil don phobal i gcoitinne ar ócáidí ar leith, ar nós na Seachtaine Oidhreachta bliantúla.

<u>Taifid stairiúla</u>
Coimeádann Ollscoil na hÉireann cartlanna Ollscoil Ríoga na hÉireann (ORÉ 1880 - 1908) agus Ollscoil na hÉireann (OÉ 1908 go dtí an lá inniu). Cuimsíonn an t-ábhar ORÉ freisin roinnt ábhair cartlainne ó Ollscoil na Banríona na hÉireann (1850 - 1882).

Taisclann shuntasach is ea an chartlann de bhunábhar a bhaineann le breis agus 130 bliain d'oideachas ollscoile in Éirinn. Léiríonn na taifid freisin na forbairtí cultúrtha, sóisialta agus polaitiúla sa tír agus tá eolas agus doiciméid iontu a bhaineann le daoine tábhachtacha a raibh páirt acu i mbunú agus i bhforbairt an Stáit.

Is í oifig OÉ lároifig riaracháin na hOllscoile; dá bhrí sin, níl na cartlanna ar oscailt don phobal. Mar sin féin, tugann an Ollscoil cead rochtana, le réamhshocrú, chuig taighdeoirí bona fide atá ag iarraidh na taifid a cheadú.

<u>Ábhar Oidhreachta Eile</u>
Coimeádann an Ollscoil raon de nithe oidhreachta agus déantáin eile, de nádúr staire agus comhaimseartha araon, ar nós saothair ealaíne, troscán agus feisteas gaolmhar agus nithe gaolmhara. Tá grianghrafa tógtha de na nithe seo, iad curtha i gcatalóg agus tagáilte ar Chlár Sócmhainní Seasta na hOllscoile.

Níor ghlac an Ollscoil seilbh nó níor dhíol sí sócmhainní oidhreachta laistigh de na teorainneacha mar atá sonraithe sa pholasaí seo sa tréimhse 01 Eanáir 2007 go dtí seo.

<u>Caomhnú agus Bainistiú ar Shócmhainní Oidhreachta</u>
*Foirgnimh OÉ*
I bhfianaise aois agus stádas oidhreachta fhoirgneamh oifige OÉ, tá polasaí onnghníomhach ag an Ollscoil maidir lena chothabháil. Tugadh cuireadh d'Oifig na nOibreacha Poiblí cuairt a thabhairt ar an láthair i 2011 agus cuireadh i bhfeidhm go tapa aon mhórmholtaí cothabhála a rinneadh dá bharr.

*Múrmhaisithe Balla*
Cuireadh caomhnú suntasach ar na múrmhaisithe balla ar bun i 2004. Ordaíodh tuairisc nuashonraithe ón gcaomhnóir céanna i 2011 nach bhfuair aon ní a d'éiligh idirghníomh láithreach. Cuirfear na mionoibreacha a mholtar sa tuairisc ar bun go luath amach anseo.

*Cartlanna*
Chuir an Ollscoil tionscadal caomhnaithe cartlainne trí bliana ar bun i 2011, i ndiaidh comhairliúcháin leis an gCartlanna Náisiúnta, leis na cuspóirí seo a leanas:

a) chun caomhnú na gcartlann OÉ/ORÉ a chinntiú, a bhfuil aois shuntasach ar chuid díobh agus caomhnú de dhíth orthu go práinneach;
b) le comhairle ghairmiúil a fháil, dea-chleachtas oidhreachta a chothú i mbainistiú na gcartlann as seo amach agus i gcur na mbailiúchán ar fáil;
c) coinníollacha stórála a fheabhsú chun saol na mbailiúchán, a bhfuil roinnt díobh an-sobhriste, a fhadú; agus
d) coinníollacha a chruthú a fheabhsóidh an rochtain ar an gcartlann gan an t-ábhar a chur i gcontúirt.

Tá obair cobhsaíochta agus caomhnaithe ar bith a bhí de dhíth go práinneach curtha i gcrích, agus tá an stóráil i mboscaí, glanadh agus athchur ar sheilfeanna críochnaithe.

## 16. Maoin infheistíochta

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Luach ag 1 Eanáir | 2,250,000 | 2,650,000 |
| Athluacháil i rith na bliana | 150,000 | (400,000) |
| Luach ag 31 Nollaig | 2,400,000 | 2,250,000 |

Rinne de Vere White & Smyth, 35 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 luacháil neamhspleách ar Uimh. 48 Cearnóg Mhuirfean faoi mar a bhí an 31 Nollaig 2024 a léirigh luach €2,400,000, ar bhunús ioncaim sa todhchaí. Léirigh luacháil den chineál céanna, a rinneadh mar a bhí an 31 Nollaig 2023, luach €2,250,000.

Fuair an Ollscoil ioncam cíosa €130,002 (2023: €130,002) i dtaca leis an maoin seo don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2024.

Seo a leanas na híocaíochtaí íosta comhiomlána sa todhchaí faoi na léasanna oibriúcháin nach féidir a chur ar ceal:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Laistigh de bhliain amháin | 130,000 | 130,000 |
| Idir dhá bhlain agus cúig bliana | - | 130,000 |
| Níos mó ná cúig bliana | - | - |
| Luach ar 31 Nollaig | 130,000 | 260,000 |

## 17. Infheistíochtaí

Is féidir anailís a dhéanamh ar infheistíochtaí na hOllscoile mar seo a leanas:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Gnáthscaireanna - Éire | - | 27,399 |
| Comharghnó ghnáthscaireanna | 1,923,453 | 1,354,053 |
| Ús Seasta | 1,189,484 | 843,488 |
| Roghnacha | 551,212 | 537,139 |
| Maoin | 280,490 | 293,964 |
| | 3,944,639 | 3,056,043 |

Tháinig luachmhéadú €237,041 ar luach na n-infheistíochtaí i rith na bliana (2023: luachmhéadú €98,153)..

## 18. Infháltais

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Infháltais agus réamhíocaíochtaí eile | 673,386 | 471,286 |

## 19. Nithe iníoctha laistigh de bhliain amháin

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fabhruithe | 509,314 | 466,332 |
| Táillí faighte roimh réidh | 528,454 | 535,048 |
| | 1,037,768 | 1,001,380 |

## 20. Cúlchiste ioncaim neamhshrianta

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Comhardú tosaigh | 6,095,569 | 6,328,622 |
| Farasbarr/(Easnamh) don bhliain | 336,600 | (233,053) |
| Comhardú deiridh | 6,432,169 | 6,095,569 |

## 21. Cúlchiste dearlaicí inídithe srianta

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cúlchiste dearlaicí inídithe srianta ag 1 Eanáir | | |
| - Sócmhainní infheistíochta | 116,461 | 101,847 |
| - Nithe iníoctha lúide infháltais | (551,812) | (380,884) |
| - Airgead sa bhanc | 730,397 | 583,547 |
| | 295,046 | 304,510 |
| Farasbarr/(easnamh) oibriúcháin ar dhearlaicí | 47,096 | (9,464) |
| Cúlchiste dearlaice ag 31 Nollaig | 342,142 | 295,046 |

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ina bhfuil: | | |
| - Sócmhainní infheistíochta | 846,735 | 116,461 |
| - Nithe iníoctha lúide infháltais | (955,554) | (551,812) |
| - Airgead sa bhanc | 450,962 | 730,397 |
| | 342,143 | 295,046 |

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Miondealaítear an farasbarr/(easnamh) ar dhearlaicí mar seo a leanas: | | |
| - Ioncam infheistíochta ó dhearlaicí | 38,869 | 30,456 |
| - Ioncam ó thiomnachtaí | 50,000 | 15,000 |
| - Luachmhéadú ar shócmhainní dearlaicí | 84,362 | 32,327 |
| - Caiteachas iomlán a bhaineann le dearlaicí | (126,135) | (87,247) |
| | 47,096 | (9,464) |

**21. Cúlchiste dearlaicí inídithe srianta (ar lean)**

b) Foinsí agus cineálacha na gcistí Dearlaice:

Tá 11 Chiste Dearlaice curtha san áireamh sna ráitis airgeadais faoi úinéireacht agus rialú na hOllscoile, a bhfuil 9 gcinn díobh ina dTiomnachtaí agus dhá cheann díobh ina gCistí Bainistithe:

i. Is éard is tiomnachtaí ann ná na dearlaicí sin a fhágtar chuig an Ollscoil ag raon de bhronntóirí ag céimeanna éagsúla i stair na hOllscoile ag leagan amach na dtéarmaí faoinar féidir an dearlaic a chur i bhfeidhm, e.g. chun Oideachas, Dlí Idirnáisiúnta, an Léinn Éireannach, Comhdheiseanna etc a Chur Chun Cinn.

ii. Is éard is Cistí Bainistithe ann ná na cinn sin a bhunaigh an Ollscoil óna cuid acmhainní féin le cuspóir ar leith, e.g. Deontais d'Fhoilseacháin Léannta nó spreagadh agus tacú le mic léinn iardhochtúireachta a dtaighde léannta a chur chun cinn.

c) Riarann an Ollscoil dhá iontaobhas neamhspleách nach bhfuil mar chuid de na cuntais. Is iad Iontaobhas HH Stewart agus Iontaobhas Thomas Crawford Hayes na hiontaobhais. Bunaítear gach ceann acu faoi ghníomhas iontaobhais agus tugtar cuntas ar leithligh orthu.

**22. Cúlchiste Athluachála**

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Comhardú Tosaigh 1 Eanáir | 3,902,368 | 4,575,868 |
| Ardú/(Ísliú) ar luach Maoine agus Trealaimh le linn na bliana (Nóta 13) | 206,060 | (673,500) |
| Comhardú Deiridh 31 Nollaig | 4,108,428 | 3,902,368 |

**23. Dualgais Chaipitil**

Níl aon dualgais chaipitil fós le híoc mar a bhí an 31 Nollaig 2024 nó 31 Nollaig 2023.

**24. Dualgais Léasa**

Níl aon dualgais léasa le híoc mar a bhí an 31 Nollaig 2024 nó 31 Nollaig 2023.

## 25. Costais & Dualgais um Shochair Scoir

### Cúlra le Scéim Sochar Scoir OÉ

Oibríonn OÉ scéim shochair shainithe íoctar mar a úsáidtear mar atá ag 31 Nollaig 2024 (féach nóta 2 (f) – Polasaithe Cuntasaíochta).

Ar an mbunús go gcúiteoidh an tOireachtas as aon easnamh a éiríonn chun dualgais na hOllscoile le sochair scoir na Scéime Dúnta, na Scéime Samhlaí agus na Scéime Singil a íoc trí airgead tugtha ag an Stát don Ollscoil don chúis sin, tá an dliteanas sochair scoir seach-churtha ar aitheantas ar shócmhainn atá ag teacht le dliteanais sochair scoir na hOllscoile.

*An Scéim Aonair – an tSeirbhís Phoiblí*
Is í an Scéim Sochar Scoir (Scéim Aonair) an scéim sochar scoir le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin faoi réir an Achta um Sochair Scoir na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Tá soláthar sa scéim do shochar scoir agus do chnapshuim scoir bunaithe ar phá inphinsin de mheán na gairme, agus sochar scoir do chéilí agus leanaí. Is í an aois íosta sochair scoir 66 bliana d'aois (ag ardú i gcomhréir le hathruithe in aois sochair scoir an Stáit). Áirítear áis do luathscor ó 55 bliana d'aois atá laghdaithe go hachtúireach. Ardaíonn sochair scoir atá á n-íoc i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí. Tá soláthar déanta sna ráitis airgeadais do dhliteanais sa todhchaí faoi Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

**Achoimre ar an staid ag deireadh na bliana**

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Dliteanais Sochair Scoir - FRS 102 | (12,853,000) | (12,918,000) |
| Sócmhainn Maoinithe um Shochar Scoir Iarchurtha | 12,853,000 | 12,918,000 |
| | - | - |

Glactar go hiomlán le riachtanais Alt 28 (Sochair Fostaithe) den chaighdeán cuntasaíochta FRS 102 agus léirítear na gluaiseachtaí seo a leanas sna ráitis airgeadais.

Bunaíodh an luacháil do dhliteanais a úsáidtear do nochtuithe FRS 102 ar luacháil achtúire a rinne achtúire neamhspleách cáilithe go gairmiúil ar dháta an chláir comhardaithe. Seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun an dliteanais scoir a ríomh maidir le na scéimeanna sochair scoir sochair sainithe faoi FRS 102 mar a bhí an 31 Nollaig 2024, 31 Nollaig 2023 agus 31 Nollaig 2022:

| Toimhdí Airgeadais | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | %p.a. | %p.a. | %p.a. |
| Ráta lascaine | 3.60% | 3.60% | 4.30% |
| Ráta an ardaithe i dtuarastail | 3.00% | 3.10% | 3.25% |
| Ráta an ardaithe ar dhualgais scoir a íoc | 2.50% | 2.60% | 2.75% |
| Ráta boilscithe | 2.00% | 2.10% | 2.25% |

Ceadaíonn an ráta mortlaíochta a ghlactar leis feabhsuithe san ionchas saoil thar am, rud a fhágann go mbeidh ionchas saoil ag am scoir ag brath ar an mbliain ina mbaineann an comhalta aois scoir (aois 65) amach. Léiríonn an tábla seo thíos ionchas saoil do chomhaltaí a bhaineann aois 65 amach.

## 25. Costais & Dualgais um Shochair Scoir (ar lean)

| Ionchas saoil ag aois 65 | | 2024 blianta | 2023 blianta | 2022 blianta |
|---|---|---|---|---|
| - Sochair scoir reatha | fireann | 22.2 | 22.1 | 21.9 |
| | baineann | 24.5 | 24.4 | 24.3 |
| - Sochair scoir amach anseo | fireann | 24.4 | 24.3 | 24.2 |
| | baineann | 26.5 | 26.4 | 26.3 |

Seo a leanas anailís ar na suimeanna sochair scoir gearrtha ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus na suimeanna curtha san áireamh sa Ráiteas ar Staid Airgeadais:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach** | **€** | **€** |
| **Ioncam** | | |
| Glanmhaoiniú iarchurtha do shochair scoir don bhliain airgeadais* | 514,000 | 465,000 |
| | | |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Foirne | | |
| Costas na Seirbhíse reatha | 292,000 | 225,000 |
| Ranníocaíocht fostaithe | (107,000) | (95,000) |
| Muirear iomlán chuig costais oibriúcháin | 185,000 | 130,000 |
| | | |
| **Muirir airgeadais eile** | | |
| Ús ar dhliteanais um shochair scoir | 452,000 | 472,000 |
| | | |
| Iomlán gearrtha ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 637,000 | 602,000 |

### Anailís ar shuimeanna aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Caillteanas achtúireach aitheanta láithreach | 105,000 | (1,503,000) |
| Gluaiseacht sa tsócmhainn maoinithe um shochar scoir iarchurtha | (105,000) | 1,503,000 |
| Costais iomlána na sochar scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | - | - |

* I gcomhréir le FRS102 agus treoir ghaolmhar, tá íocaíochtaí sochair scoir €704,613 curtha san áireamh i gCiste Iarchurtha Maoiniú do Shochair Scoir sa Ráiteas Ioncaim Chuimsitheach. Áirítear leis an bhfigiúr €177,348 le haghaidh cnapshuimeanna sochar scoir.

### Maoiniú Iarchurtha do Shochair Scoir

Tá sócmhainn maoinithe do shochair scoir iarchurtha aitheanta ag an Ollscoil ag teacht leis an maoiniú iarchurtha do shochair scoir ar bhonn Alt 12(6) den Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

### Anailís ar an ngluaiseacht i ndualgas sochair sainithe sa bhliain

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Dualgas sochair sainithe ag oscailt | 12,918,000 | 11,236,000 |
| Costas na seirbhíse reatha | 292,000 | 225,000 |
| Costas úis | 453,000 | 472,000 |
| (Gnóthachain)/caillteanas achtúire ar dhliteanais na scéime | (105,000) | 1,503,000 |
| Glan-sochair a íocadh amach | (705,000) | (518,000) |
| Dualgas sochair sainithe ag dúnadh | 12,853,000 | 12,918,000 |

**25. Costais & Dualgais um Shochair Scoir (ar lean)**

**Anailís ar an ngluaiseacht i luach cóir na sócmhainní i rith na bliana**

**Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí**

Seo a leanas na suimeanna don tréimhse reatha agus na ceithre thréimhsí roimhe sin:

| | **2024** | **2023** | **2022** | **2022** | **2020** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Dliteanas shochar sainithe | 12,853,000 | 12,918,000 | 11,236,000 | 17,356,000 | 16,409,000 |
| Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais na scéime | | | | | |
| Suim | 80,000 | 441,000 | 413,000 | 485,000 | (648,000) |
| % na nDliteanas Scéime | 0.6% | 3.4% | 3.7% | 2.8% | (3.9%) |

**26. Cuntas rialaithe sochair scoir**

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Comhardú tosaigh** | | |
| *Ioncam* | | |
| Ranníocaíochtaí fostóra | 95,000 | 106,000 |
| Ranníocaíochtaí fostaí | 28,000 | 28,000 |
| Aisiompú fabhraithe na bliana roimhe sin | | - |
| **Ioncam iomlán** | 123,000 | 134,000 |
| *Caiteachas* | | |
| Sochair scoir in íocaíocht (breisiú agus íocaíochtaí cnapshuimeanna san áireamh) | (705,000) | (518,000) |
| **Caiteachas iomlán** | (705,000) | (518,000) |
| **Easnamh sa bhliain** | (582,000) | (384,000) |
| **Comhardú Deiridh - Deontas infhaighte ón Údarás um Ard-Oideachas** | **582,000** | **384,000** |
| Comhardú i ndiaidh an Deontais Infhaighte ón Údarás um Ard-Oideachas | - | - |

**27. Speansais an tSeanaid**

Is iad seo a leanas na speansais a íocadh le comhaltaí an tSeanaid agus tá siad faoi réir na dtreoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Speansais an tSeanaid a íocadh | 1,184 | 1,697 |

**28. Páirtí gaolmhar – príomhbhaill foirne**

Is iad na príomhphearsanra in OÉ ná an Seansailéir, an Leas-Seansailéir, an Cláraitheoir agus Baill Sheanad OÉ. B'ionann an cúiteamh iomlán lena n-áirítear ÁSPC Fostóra a íocadh le príomhphearsanra, lena n-áirítear speansais chomhaltaí an tSeanaid (ní íoctar aon táillí nó tuarastail leis an Seansailéir ná le comhaltaí an tSeanaid), agus €170,021 (2023: €154,275).

**29. Ionstraimí airgeadais**

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais** | | |
| Sócmhainní airgeadais a thomhastar ag luach cóir trí bhrabach nó caillteanas | 7,529,069 | 6,802,073 |
| Sócmhainní airgeadais a thomhastar ag costas amúchta | 620,629 | 389,647 |
| | 8,149,698 | 7,191,720 |
| **Dliteanais airgeadais** | | |
| Dliteanais airgeadais a thomhastar ag costas amúchta | 3,694,718 | 3,154,187 |

Is ionann sócmhainní airgeadais a thomhastar ag luach cóir trí bhrabach nó caillteanas agus airgead tirim agus infheistíochtaí.

Is ionann sócmhainní airgeadais a thomhastar ag costas amúchta agus féichiúnaithe eile (seachas réamhíocaíochtaí).

Is ionann dliteanais airgeadais a thomhastar ag costas amúchta agus creidiúnaithe trádála agus eile (seachas dliteanais cánach), fabhruithe agus scoláireachtaí agus duaiseanna a bronnadh ach nár íocadh.

**30. Eachtraí ina dhiaidh sin**

Tar éis dheireadh na bliana, i mí na Bealtaine 2025, d'éirigh le hOllscoil na hÉireann éileamh ar aisíocaíocht €167,000 a chur isteach i leith costais a tabhaíodh ar dtús sa tréimhse 2017–2024. Níor bunaíodh an teideal chun an t-éileamh seo a chur isteach ach amháin tar éis dháta an Chláir Chomhardaithe, agus bhí sé bunaithe ar fhaisnéis nach raibh ar fáil don Ollscoil an 31 Nollaig 2024.
Ós rud é nach raibh na coinníollacha a thug an aisíocaíocht chun cinn ann an 31 Nollaig 2024 agus nach bhfuarthas an fhaisnéis ábhartha ach amháin in 2025, déantar an aisíocaíocht a láimhseáil mar eachtra iar-chláir chomhardaithe neamhchoigeartaithe i gcomhréir le FRS 102. Aithneofar an tsuim sna ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.

**31. Ceadú na ráiteas airgeadais**

Cheadaigh an Seanad na ráitis airgeadais an 22 Bealtaine 2025.